RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/940 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Meitheamh 2021

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí sraithadhmaid beithe de thionscnamh na Rúise

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]), agus go háirithe Airteagal 7 de,

Tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. **Tionscnamh**

(1) An 14 Deireadh Fómhair 2020, thionscain an Coimisiún Eorpach ("an Coimisiún") imscrúdú frithdhumpála i ndáil le hallmhairí sraithadhmaid beithe ar de thionscnamh na Rúise iad ("an tír lena mbaineann") ar bhonn Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ("an bun-Rialachán"). D'fhoilsigh sé Fógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]) ("an Fógra Tionscnaimh").

(2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis gearán a rinne Woodstock Consortium ("an gearánach") an 31 Lúnasa 2020. Is é tionscal sraithadhmaid beithe an Aontais a rinne an gearán i gciall Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Sa ghearán sin bhí fianaise ar dhumpáil agus ar dhíobháil ábhartha dá dheasca sin, rud a bhí leordhóthanach chun údar a thabhairt le haghaidh thionscnamh an imscrúdaithe.

1.2. **Leasú ar an bhFógra Tionscnaimh**

(3) San Fhógra Tionscnaimh, fágadh roinn ar lár go neamhaireach a bhain leis an nós imeachta chun leas an Aontais a mheasúnú. Cé nach ndearna an t-easnamh sin difear do cheart na bpáirtithe leasmhara aighneachtaí a dhéanamh maidir le leas an Aontais, measadh gurbh iomchuí aghaidh a thabhairt ar an easnamh sin mar ábhar trédhearcachta nós imeachta. Dá bhrí sin, leasaíodh é an 11 Nollaig 2020 ([3]).

1.3. **Clárú**

(4) De bhun Airteagal 14(5a) den bhun-Rialachán, ba cheart don Choimisiún allmhairí atá faoi réir imscrúdú frithdhumpála a chlárú le linn na tréimhse réamhnochta ach amháin má tá a dhóthain fianaise aige de réir bhrí Airteagal 5 nach gcomhlíontar ceanglais faoi phointe (c) nó pointe (d) d'Airteagal 10(4). Ceanglas amháin díobh sin, faoi mar a shonraítear in Airteagal 10(4)(d) den bhun-Rialachán, is ea ardú suntasach breise ar allmhairí a bheith ann i dteannta leibhéal na n-allmhairí ba chúis leis an díobháil le linn na tréimhse imscrúdaithe. Rinne an Coimisiún anailís ar cheist na n-allmhairí agus níor tháinig ar aon mhéadú suntasach eile ar allmhairí.

(5) Dá bhrí sin, níor chuir an Coimisiún aon allmhairí sraithadhmaid beithe ón Rúis mar a shainmhínítear i roinn 2 faoi réir a gcláraithe faoi Airteagal 14(5a) den bun-Rialachán.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.
([2]) IO C 342, 14.10.2020, lch. 2.
([3]) IO C 428, 11.12.2020, lch. 27.

1.4. **Páirtithe leasmhara**

(6) San Fhógra Tionscnaimh, de réir mar a leasaíodh é, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leo chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún an gearánach ar an eolas go sonrach faoin imscrúdú mar aon le táirgeoirí aitheanta eile ón Aontas, na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta agus údaráis na Rúise, allmhaireoirí, soláthróirí agus úsáideoirí aitheanta, trádálaithe, mar aon le comhlachais arbh fhios iad a bheith bainteach leis an tionscnamh, agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach ann.

(7) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt ar thionscnamh an imscrúdaithe agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta le haghaidh imeachtaí trádála. D'iarr roinnt páirtithe éisteacht leis an gCoimisiún. Thionóil an Coimisiún éisteachtaí le Woodstock consortium, le UPM Plywood Oy, le UPM Kymmene Otepä OÜ, agus leis an táirgeoir Rúiseach UPM Kymmene Chudovo LLC.

1.5. **Barúlacha maidir le tionscnamh**

1.5.1. *Leagan oscailte easnamhach*

(8) Mhaígh roinnt páirtithe gur theip ar an ngearánach faisnéis leordhóthanach a sholáthar i leagan oscailte an ghearáin.

(9) Mheas an Coimisiún go raibh a dhóthain fianaise riachtanaí agus achoimrí neamhrúnda ar fhaisnéis a bhí rúnda seachas sin ann sa leagan den ghearán atá ar fáil le hiniúchadh ó pháirtithe leasmhara chun ligean do pháirtithe leasmhara a gceart cosanta a fheidhmiú le linn an imeachta.

1.5.2. *Gan aon fhianaise ar dhíobháil*

(10) Maidir le táscairí díobhála áirithe a bhí sa ghearán, amhail acmhainneacht táirgeachta, praghsanna an Aontais agus tomhaltas an Aontais, mhaígh roinnt páirtithe nár thacaigh na táscairí sin le cinneadh go ndearnadh díobháil le linn na tréimhse imscrúdaithe.

(11) Toradh *prima facie* maidir le díobháil ábhartha, rud is gá chun imscrúdú a thionscnamh, meabhraíonn an Coimisiún go gceanglaítear leis an méid sin scrúdú a dhéanamh, *inter alia*, ar na fachtóirí ábhartha a thuairiscítear sa bhun-Rialachán. Mar sin féin, le hAirteagal 5 den bhun-Rialachán, ní cheanglaítear go sonrach go léireodh na fachtóirí díobhála uile a liostaítear in Airteagal 3(5) meathlú le go ndéanfaí díobháil ábhartha a chruthú go leordhóthanach chun imscrúdú a thionscnamh. Go deimhin sonraítear i bhfoclaíocht Airteagal 5(2) den bhun-Rialachán go gcuimseoidh an gearán fianaise faoi na hathruithe ar mhéid na n-allmhairí a líomhnaítear gur dumpáladh iad, éifeacht na n-allmhairí sin ar phraghsanna an táirge chomhchosúil ar mhargadh an Aontais agus tionchar iarmhartach na n-allmhairí ar thionscal an Aontais, faoi mar atá léirithe ag tosca ábhartha (ach ní acu uile b'fhéidir). Bhí an fhaisnéis sin sa ghearán, rud a léirigh go raibh díobháil ann. Dá réir sin, mheas an Coimisiún go raibh a dhóthain fianaise sa ghearán go raibh díobháil ann.

1.6. **Sampláil**

(12) San Fhógra Tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go bhféadfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

1.6.1. *Sampláil táirgeoirí ón Aontas*

(13) San Fhógra Tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí ón Aontas roghnaithe go sealadach aige. Ba é a bhí sa sampla sealadach sin trí tháirgeoir de chuid an Aontais, agus iad lonnaithe i dtrí Bhallstát éagsúla, rud ab ionann sin agus thart ar 40 % de tháirgeadh iomlán measta an Aontais agus 35 % de mhéid díolachán iomlán measta an Aontais den táirge comhchosúil san Aontas. Bhí roghnú na dtrí chuideachta sin bunaithe ar an méid is mó táirgthe agus díolacháin den táirge comhchosúil san Aontas idir Iúil 2019 – Meitheamh 2020 a d'fhéadfaí a imscrúdú go réasúnta, agus cuireadh an raon geografach san áireamh freisin. D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt faoin sampla sealadach.

(14) Fuair an Coimisiún barúlacha ó ghrúpa táirgeoirí gaolmhara de chuid an Aontais, UPM, grúpa a d'iarr go n-áireofaí sa sampla iad. Mar sin féin, tar éis don Choimisiún anailís chúramach a dhéanamh ar an bhfaisnéis a soláthraíodh, ní raibh aon chúis mhaith ag an gCoimisiún an sampla a roghnaíodh go sealadach a athrú. Ar an gcéad dul síos, i bhfianaise struchtúr corparáideach agus bealaí díolacháin an ghrúpa, dá gcuirfí ceachtar den dá chuideachta leis an sampla nó dá gcuimseofaí ceachtar acu sa sampla, chuirfí cumas an Choimisiúin an t-imscrúdú a dhéanamh laistigh de na sprioc-amanna dlíthiúla i mbaol mar gheall ar an ualach oibre atá méadaithe go mór. Ina theannta sin, dá gcuimseofaí ceachtar den dá chuideachta sa sampla, d'athrófaí ionadaíocht an tsampla a roghnaíodh go sealadach i dtéarmaí méideanna táirgeachta nó méideanna díolachán san Aontas nó i dtéarmaí an raoin gheografaigh go teoranta. Dá bharr sin, chinn an Coimisiún na cuideachtaí a roghnaíodh go sealadach a choinneáil ina sampla deiridh.

(15) Tar éis fógra a thabhairt ar roghnú an tsampla chinntithigh, d'áitigh ceann de na cuideachtaí, UPM, go bhfuil struchtúir chorparáideacha agus cainéil díolachán ag táirgeoirí sampláilte eile atá chomh casta céanna nó níos casta fós. D'áitigh sé ar an gcaoi chéanna nach mbeadh deacrachtaí ag baint le ceann dá eintitis UPM-Kymmene Otepä Oü a áireamh sa sampla agus é a fhíorú, agus ós rud é gur go cianda a bheadh an chuairt fíorúcháin ar siúl, ní chuirfeadh sé isteach ar chumas an Choimisiúin an t-imscrúdú a chur i gcrích.

(16) Ós rud é go raibh cuideachtaí a bhfuil struchtúir chasta acu san áireamh sa sampla cheana féin, agus cuideachta eile a bhfuil struchtúr casta aici á ionchorprú ann, thug an Coimisiún dá aire gur sin rud a chuirfeadh méadú ar an ualach oibre go mór agus dá bhrí sin go gcuirfí cumas an Choimisiúin a imscrúdú a dhéanamh i mbaol laistigh de na sprioc-amanna dlíthiúla. Sa chiall sin, dá gcuirfeadh UPM-Kymmene Otepä Oü san áireamh, bheadh gá le fíorú roinnt eintiteas dlíthiúil eile den ghrúpa UPM a bhaineann díolacháin agus aonaid táirgthe leis mar gheall ar a eagraíocht díolachán. Ní fhéadfaí imscrúdú a dhéanamh ar na heintitis sin go réasúnta laistigh den tréimhse ama a bhí ar fáil.

(17) Dá bhrí sin, chloígh an Coimisiún lena chinneadh gan UPM a áireamh sa sampla deiridh. Deimhníodh gurbh é an sampla deiridh an sampla sealadach agus go bhfuil sé ionadaíoch maidir le tionscal de chuid an Aontais.

1.6.2. *Sampláil allmhaireoirí neamhghaolmhara*

(18) Chun a chinneadh an bhfuil gá le sampláil agus, más amhlaidh atá, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhghaolmhara an fhaisnéis a shonraítear san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar.

(19) Bhí trí allmhaireoir neamhghaolmhara déag ann a sholáthair an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de thrí allmhaireoir ar bhonn an mhéid díolachán is mó den táirge atá faoi imscrúdú san Aontas. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, cuireadh gach allmhaireoir aitheanta lena mbaineann ar an eolas maidir le roghnú an tsampla, ach níor tugadh aon bharúil.

1.6.3. *Sampláil táirgeoirí onnmhairiúcháin sa Rúis*

(20) Chun a chinneadh an bhfuil gá le sampláil agus, más amhlaidh go bhfuil, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin sa Rúis an fhaisnéis a shonraítear san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Chónaidhm na Rúise chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile a shainaithint agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh, ar táirgeoirí iad a bhféadfadh suim a bheith acu a bheith rannpháirteach san imscrúdú.

(21) Sholáthair cúig cinn déag de tháirgeoirí onnmhairiúcháin/grúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tír lena mbaineann an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de thrí ghrúpa cuideachtaí, ar grúpa é ceann amháin acu atá comhdhéanta de sheacht dtáirgeoir onnmhairiúcháin ghaolmhara, ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó d'onnmhairí chuig an Aontas a d'fhéadfaí a imscrúdú go réasúnta laistigh den tréimhse ama a bhí ar fáil. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle le gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta lena mbaineann agus le húdaráis na tíre lena mbaineann maidir le roghnú an tsampla. Is éard a bhí sa sampla thart ar 47 % de na honnmhairí iomlána chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe.

(22) Is éard a d'áitigh dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin chomhoibríocha nár sampláladh gur cheart iad féin a áireamh sa sampla freisin. Mhaígh an chéad tháirgeoir gur cheart é a áireamh sa sampla toisc go raibh an méid díolachán a dhéanann sé leis an Aontas gar do mhéid díolachán an tríú táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte. Mhaígh an dara ceann go ndearna an Coimisiún imscrúdú ar líon i bhfad níos mó táirgeoirí onnmhairiúcháin san am a chuaigh thart agus, dá bhrí sin, dá gcuirfí san áireamh é, ní chuirfí brú míréasúnta ar chumas ná ar acmhainní an Choimisiúin. Thairis sin, mhaígh an táirgeoir onnmhairiúcháin céanna nach bhfuil sé féin mar an gcéanna leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin eile ós rud é go bhfuil sé gaolmhar le grúpa táirgeoirí de chuid an Aontais. Go háirithe, maidir leis an struchtúr bainistíochta, an struchtúr díolachán agus an eagraíocht lóistíochta atá aige, maíonn an fhoireann bhainistíochta atá aige go ndéanann na rudaí sin é a idirdhealú ó roinnt de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte nó uathu ar fad ([4]).

(23) Mar a luaitear in aithris (21) thuas, shampláil an Coimisiún trí chuideachta/grúpa cuideachtaí. Mar sin féin, bhí an líon eintiteas a bhí le himscrúdú i bhfad níos mó ós rud é go raibh seacht dtáirgeoir onnmhairiúcháin i gceann de na grúpaí. Ina theannta sin, bhí trádálaithe gaolmhara agus allmhaireoir gaolmhar ag na cuideachtaí/grúpaí a bhí bainteach le díolachán an táirge lena mbaineann. Is leagan oscailte den fhreagra samplála a bhí ar fáil do gach táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch a bhí maíomh an chéad táirgeora onnmhairiúcháin maidir leis an méid díolachán bunaithe agus is ar an bhfíor-mhéid a thuairiscigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin uile a bhí an cinneadh maidir leis an tsampláil bunaithe. Agus an méid díolachán a thuairiscigh an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin atá i gceist á mheas ag an tríú táirgeoir onnmhairiúcháin, thuairiscigh sé (5 % - 10 %) níos mó i dtéarmaí méideanna díolachán i gcomparáid leis an gceathrú ceann. Thairis sin, ní critéar ábhartha maidir le roghnú an tsampla faoi Airteagal 17(1) den bhun-Rialachán iad na hargóintí a léirigh an dara táirgeoir onnmhairiúcháin. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil an sampla roghnaithe ionadaíoch ar bhonn na gcritéar a léirítear in Airteagal 17(1) agus nár chuir an dá pháirtí atá i gceist aon sonraí ábhartha ar fáil lena gcuirfí in aghaidh na conclúide sin. Dá bhrí sin, diúltaíodh an iarraidh.

1.7. **Scrúdú aonair**

(24) D'iarr deich dtáirgeoir onnmhairiúcháin sa Rúis scrúdú aonair faoi Airteagal 17(3) den bhun-Rialachán. Mar sin féin, níor chuir ach trí tháirgeoir onnmhairiúcháin ceistneoir comhlánaithe isteach roimh an sprioc-am. Bheadh ualach míchuí ar scrúdú na n-iarrataí sin le linn na céime sealadaí den imscrúdú. Dá bhrí sin, cinnfidh an Coimisiún an ndeonófar nó nach ndeonófar scrúdú aonair ag céim chinntitheach an imscrúdaithe.

1.8. **Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin**

(25) Sheol an Coimisiún ceistneoirí chuig na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte ón Rúis/grúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin, chuig táirgeoirí sampláilte an Aontais agus chuig na hallmhaireoirí neamhghaolmhara sampláilte. Cuireadh na ceistneoirí ar fáil ar líne ([5]) an lá a tionscnaíodh iad.

(26) Fuarthas freagraí ar an gceistneoir ó na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte ón Rúis/grúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin, ó thrí tháirgeoir onnmhairiúcháin chomhoibríocha ón Rúis, ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais, ó na hallmhaireoirí neamhghaolmhara sampláilte agus ó naoi n-úsáideoir.

(27) I bhfianaise ráig COVID-19 agus na mbeart gaibhniúcháin a chuir Ballstáit éagsúla chomh maith le tríú tíortha éagsúla i bhfeidhm, níor fhéad an Coimisiún cuairteanna fíorúcháin a dhéanamh de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán ag an gcéim shealadach. Ina ionad sin, rinne an Coimisiún cros-seiceáil go cianda ar an bhfaisnéis ar fad a mheastar a bheith riachtanach dá chinntí sealadacha i gcomhréir lena Fhógra maidir le hiarmhairtí ráig COVID-19 ar imscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais ([6]). Rinne an Coimisiún cros-seiceáil chianda ("RCCanna") ar na cuideachtaí/páirtithe seo a leanas:

Táirgeoirí an Aontais

— Latvijas Finieris AS, an Laitvia agus cuideachtaí díolacháin gaolmhara.

— Paged Pisz sp. z o.o., an Pholainn agus cuideachtaí díolacháin gaolmhara.

— Metsä Wood, an Fhionlainn agus cuideachtaí díolacháin gaolmhara.

([4]) Doiciméid tron t20.006971 agus t20.006972 araon dar dáta an 2 Samhain 2020.

([5]) Na ceistneoirí ábhartha, mar aon le ceistneoir na n-úsáideoirí, bhí siad ar fáil ar líne an lá a tionscnaíodh iad ag https://trade.ec.europa.eu/tdi/case_details.cfm?id=2486.

([6]) Fógra maidir le hiarmhairtí ráig COVID-19 ar imscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais (IO C 86, 16.3.2020, lch. 6).

Allmhaireoirí

— Orlimex CZ s.r.o., Osik, Poblacht na Seice

— Robert Neudeck GmbH &Co KG, Germersheim, an Ghearmáin

— Groupe ISB, Pacé, an Fhrainc

Táirgeoirí onnmhairiúcháin sa Rúis

— Grúpa SVEZA ina bhfuil seacht dtáirgeoir onnmhairiúcháin: JSC "SVEZA Manturovo"; JSC "SVEZA Novator"; Tyumen Plywood Plant Limited; JSC "SVEZA Ust-Izhora"; JSC "SVEZA Uralskiy"; JSC "SVEZA Kostroma"; JSC "SVEZA Verhnaya Sinyachiha" ("Grúpa Sveza");

— Zheshartsky LPK LLC ("UPG");

— Syktyvkar Plywood Mill Ltd.

1.9. **Tréimhse imscrúdaithe agus tréimhse á meas**

(28) Cumhdaítear leis an imscrúdú ar dhumpáil agus díobháil an tréimhse ón 1 Iúil 2019 go dtí an 30 Meitheamh 2020 ("an tréimhse imscrúdaithe"). Sa scrúdú ar threochtaí ábhartha do mheasúnú díobhála, cumhdaíodh an tréimhse ón 1 Eanáir 2017 go dtí deireadh na tréimhse imscrúdaithe ("an tréimhse á meas").

1.10. **Tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach**

(29) Tionscnaíodh an cás sin an 14 Deireadh Fómhair 2020, i.e. le linn na hidirthréimhse a comhaontaíodh idir an Ríocht Aontaithe ("RA") agus an tAontas Eorpach ina raibh an Ríocht Aontaithe fós faoi réir dhlí an Aontais. Tháinig deireadh leis an idirthréimhse an 31 Nollaig 2020. Dá bhrí sin, amhail ón 1 Eanáir 2021, níor cháiligh cuideachtaí ná comhlachais ón Ríocht Aontaithe mar pháirtithe leasmhara san imeacht seo a thuilleadh.

(30) Ina nóta a ghabh leis an gcáschomhad an 19 Eanáir 2021, d'iarr an Coimisiún ar oibreoirí ón Ríocht Aontaithe a mheas gur cháiligh siad fós mar pháirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis ([7]). Níor tháinig aon pháirtí chun tosaigh.

(31) Chun an tacar sonraí a bailíodh ó pháirtithe leasmhara a ailíniú le deireadh na hidirthréimhse agus gan an Ríocht Aontaithe faoi réir dhlí an Aontais a thuilleadh, iarradh ar na páirtithe leasmhara lena mbaineann freagra athbhreithnithe ar an ceistneoir ar bhonn AE-27 a chur ar fáil.

2. AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. **An táirge lena mbaineann**

(32) Is é sraithadhmaid an táirge lena mbaineann, leatháin adhmaid nach bhfuil níos mó ná 6 mm ar tiús i ngach sraith, agus sraitheanna seachtracha adhmaid iontu atá sonraithe faoi fho-cheannteideal 4412 33, ina bhfuil sraith sheachtrach adhmaid amháin ar a laghad, bídís brataithe nó ná bíodh ("sraithadhmad beithe" nó an "táirge faoi imscrúdú"), de thionscnamh na Rúise, a thagann faoi scáth chód AC ex 4412 33 00 faoi láthair (cód TARIC 4412 33 00 10) ("an táirge lena mbaineann").

(33) Is éard atá i sraithadhmad beithe ábhar leatháin adhmaid ina bhfuil sraitheanna nó snáitheanna veinírí adhmaid a bhrúitear le chéile le gliú ina leatháin mhóra chothroma. Úsáidtear é i raon leathan feidhmeanna mar shampla, san earnáil tógála, pacáistithe nó troscáin.

2.2. **Táirge comhchosúil**

(34) Léiríodh san imscrúdú go bhfuil na buntréithe fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna, chomh maith leis na húsáidí bunúsacha céanna, ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann;

— an táirge a tháirgtear agus a dhíoltar ar mhargadh baile na Rúise; agus

— an táirge arb é an tionscal de chuid an Aontais a tháirg agus a dhíol é.

([7]) Doiciméad Tron t21.000594.

(35) Chinn an Coimisiún ag an gcéim sin gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin mar sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

2.3. **Maíomh maidir leis an raon táirge**

2.3.1. *Eisiamh táirgí*

(36) Úsáideoir amháin, Emiliana Imballaggi S.p.A., agus dhá tháirgeoirí onnmhairiúcháin ón Rúis, Sveza agus Vlas Truda, d'iarr siad gur cheart sraithadhmad beithe ar mhúnla cearnóige atá cúig throigh ar fad agus ar leithead (1 525x1 525mm) a eisiamh ón imscrúdú mar gheall ar dhifríochtaí ó thaobh an mhéid seo a leanas de: (i) airíonna fisiceacha, teicniúla agus ceimiceacha, agus tréithe geoiméadracha; (ii) úsáid deiridh agus idirmhalartacht; (iii) cáilíocht an táirge agus (iv) braistint na dtomhaltóirí agus praghsanna; agus (v) easpa iomaíochta idir sraithadhmad beithe ar mhúnla dronuilleoige agus cearnóige.

(37) Rinne an Coimisiún anailís ar na hiarrataí agus tháinig sé ar an gconclúid nach bhféadfaí sraithadhmaid i bhfoirm chearnógach a eisiamh ón raon táirge ar na cúiseanna seo a leanas: is iad na buntréithe fisiceacha, teicniúla agus ceimiceacha céanna atá aige agus atá ag sraithadhmad i bhfoirm dhronuilleogach. Ar an dóigh chéanna, tá brú iomaíochta ann idir sraithadhmad beithe ar mhúnla cearnóige agus sraithadhmad beithe ar mhúnla dronuilleoige ós rud é go bhfuil méid áirithe inionadaitheachta ag baint leo, agus is féidir an sraithadhmad beithe ar mhúnla cearnóige a phróiseáil tuilleadh ina shraithadhmad beithe ar mhúnla dronuilleoige nuair a bheidh sé allmhairithe, agus an riosca go dtarlóidh imchéimniú ann ina dhiaidh sin. Ina theannta sin, bíonn tionscal an Aontais ag táirgeadh an trealaimh is gá, trealamh atá aige, chun oiriúnú do riachtanais shonracha custaiméirí. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na hiarrataí ar eisiamh.

2.3.2. *Raon Táirge*

(38) Mhaígh táirgeoir Rúiseach, Segezha, gur cheart an raon táirge a leathnú ní hamháin chun sraithadhmad beithe a chumhdach ach sraithadhmad péine, poibleoige, gabúnaigh agus feá a chumhdach freisin. Áitíodh go bhfuil iomaíocht dhíreach agus idirmhalartacht idir sraithadhmad na n-adhmad thuasluaite agus an sraithadhmad beithe, rud is aon táirge amháin le chéile.

(39) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin ós rud é nach bhfuil na buntréithe fisiceacha, teicniúla agus ceimiceacha céanna ag an sraithadhmad péine, poibleoige, gabúnaigh agus feá. I gcás feidhmeanna áirithe, feidhmeanna nár forbraíodh ná nár aithníodh sa mhaíomh, d'fhéadfaí táirgí malartacha agus ábhair mhalartacha a úsáid de réir leibhéal neamhchinntithe cumais ionadaithe, ach ní athraítear cineál na ndifríochtaí fisiceacha, teicniúla agus ceimiceacha idir an táirge lena mbaineann agus na táirgí sin.

3. DUMPÁIL

3.1. **Réamhbharúlacha**

(40) Rinneadh trí ghrúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin a shampláil.

(41) Bhí seacht dtáirgeoir agus trádálaí amháin sa ghrúpa Sveza, agus bhí baint dhíreach acu go léir le táirgeadh agus le díol an táirge lena mbaineann. Rinne na seacht dtáirgeoir a gcuid díolachán trí thrádálaí gaolmhar ar an margadh baile agus d'onnmhairigh siad go díreach chuig an Aontas.

(42) Tá Zheshartsky LPK LLC ina chuid den ghrúpa cuideachtaí darbh ainm UPG. Bíonn an táirgeoir sin ag onnmhairiú go díreach agus trí chuideachta ghaolmhar atá bunaithe sa Laitvia.

(43) Tá Syktyvkar Plywood Mill Ltd. ina chuid de ghrúpa cuideachtaí a bhfuil baint dhíreach acu le táirgeadh agus díolachán an táirge lena mbaineann. Sa ghrúpa sin bhí ceithre thrádálaí ghaolmhara atá ag gníomhú ar an margadh baile.

3.2. Gnáthluach

(44) Chun an gnáthluach a shocrú, d'iarr an Coimisiún freagra ar an gceistneoir ar na táirgeoirí sampláilte go léir a tháirgeann an táirge lena mbaineann.

(45) Rinne an Coimisiún scrúdú ar dtús féachaint an raibh an méid iomlán díolachán baile i gcás gach táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibríoch a sampláladh ionadaíoch, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Is díolacháin ionadaíocha iad na díolacháin bhaile má bhí méid díolachán baile iomlán an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh baile in aghaidh an táirgeora onnmhairiúcháin comhionann le 5 % ar a laghad de mhéid a dhíolachán onnmhairí iomlán maidir leis an táirge lena mbaineann leis an Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe.

(46) Ar an mbonn sin, bhí iomlán na ndíolachán a rinne gach táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte maidir leis an táirge comhchosúil ar an margadh baile ionadaíoch.

(47) Ina dhiaidh sin, shainaithin an Coimisiún na cineálacha táirgí a díoladh sa bhaile féin agus a bhí comhionann nó inchomparáide leis na cineálacha táirgí a díoladh lena n-onnmhairiú leis an Aontas do na táirgeoirí onnmhairiúcháin le díolacháin bhaile ionadaíocha.

(48) Rinne an Coimisiún scrúdú ansin le fáil amach an raibh na díolacháin bhaile a rinne gach táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte ar an margadh baile le haghaidh gach cineáil táirge atá comhionann nó inchomparáide le cineál táirge a díoladh lena onnmhairiú leis an Aontas ionadaíoch, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Tá díolacháin bhaile cineáil táirge ionadaíoch má bhí méid díolachán baile iomlán an chineáil táirge sin le custaiméirí neamhspleácha le linn na tréimhse imscrúdaithe comhionann le 5 % ar a laghad de mhéid díolachán onnmhairí iomlán an chineáil táirge chomhionainn nó inchomparáide leis an Aontas.

(49) Maidir leis na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin/grúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin, le haghaidh cineálacha táirge áirithe a onnmhairíodh chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe, níorbh ann d'aon díolachán baile, nó bhí díolacháin bhaile an chineáil táirge sin faoi bhun 5 % maidir leis an méid, rud a d'fhág nach raibh siad ionadaíoch.

(50) Ina dhiaidh sin, shainigh an Coimisiún cion na ndíolachán brabúsach le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh baile le haghaidh gach cineáil táirge le linn na tréimhse imscrúdaithe chun cinneadh a dhéanamh cé acu na fíor-dhíolacháin bhaile a úsáid nó gan iad a úsáid chun gnáthluach gach cineáil táirge a ríomh, i gcomhréir le hAirteagal 2(4) den bhun-Rialachán.

(51) Tá an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas baile iarbhír in aghaidh an chineáil táirge, gan beann ar cibé acu atá na díolacháin sin brabúsach nó nach bhfuil, má tá:

(a) méid díolachán an chineáil táirge, a dhíoltar ag glanphraghas díolachán atá cothrom le, nó níos airde ná, costas ríofa na táirgeachta, arb ionann é sin agus níos mó ná 80 % de mhéid iomlán díolachán an chineáil táirge sin; agus

(b) má tá meánphraghas díolachán ualaithe an chineáil táirge sin comhionann le costas táirgeachta in aghaidh an aonaid nó níos airde ná sin.

(52) Sa chás sin, is é an gnáthluach meán ualaithe na bpraghsanna ar gach díolachán baile den chineál sin táirge le linn na tréimhse imscrúdaithe.

(53) Ar an taobh eile den scéal, is é an gnáthluach an praghas baile iarbhír in aghaidh an chineáil táirge a bhaineann le díolacháin bhaile bhrabúsacha na gcineálacha táirgí, agus an méid sin amháin, le linn na tréimhse imscrúdaithe, má tá:

(a) méid díolachán brabúsach an chineáil sin táirge comhionann le 80 %, nó níos lú, de mhéid díolachán iomlán an chineáil sin táirge: nó

(b) má tá meánphraghas ualaithe an chineáil sin táirge faoi bhun costas táirgeachta in aghaidh an aonaid.

(54) De réir na hanailíse a rinneadh ar dhíolacháin bhaile, bhí idir 28 % agus 93 % de na díolacháin bhaile uile brabúsach, agus bhí an meánphraghas díolachán ualaithe níos airde ná costas na táirgeachta. Dá réir sin, de réir an chineáil táirge, ríomhadh an gnáthluach mar mheánphraghsanna ualaithe na ndíolachán baile uile le linn na tréimhse imscrúdaithe sa chás a dtugtar tuairisc air in aithris (51), nó mar mheán ualaithe na ndíolachán brabúsach sa chás a dtugtar tuairisc air san aithris thuasluaite, agus sa chás sin amháin.

(55) I gcás nár díoladh aon cheann de chineál táirge an táirge chomhchosúil i ngnáthchúrsa trádála, nó nuair nár díoladh go leor díobh, nó i gcás nár díoladh cineál táirge i gcainníochtaí ionadaíocha ar an margadh baile, chum an Coimisiún an gnáthluach i gcomhréir le hAirteagal 2(3) agus (6) den bhun-Rialachán.

(56) Ríomhadh an gnáthluach tríd an méid seo a leanas a chur leis an meánchostas táirgeachta ar tháirge comhchosúil na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte comhoibríocha le linn na tréimhse imscrúdaithe:

(a) na meánchostais díolacháin, ghinearálta agus riaracháin ("SGA") ualaithe a thabhaigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte ar dhíolacháin bhaile an táirge chomhchosúil, i ngnáthchúrsa na trádála, le linn na tréimhse imscrúdaithe; agus

(b) an meánbhrabús ualaithe a rinne na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte ar dhíolacháin bhaile an táirge chomhchosúil, i ngnáthchúrsa na trádála, le linn na tréimhse imscrúdaithe.

(57) I gcás na gcineálacha táirgí nach ndíoltar ina gcainníochtaí ionadaíocha ar an margadh baile, cuireadh na meánchostais SGA agus meánbhrabús na n-idirbheart a rinneadh sa ghnáthchúrsa trádála ar an margadh baile leis na cineálacha sin. I gcás na gcineálacha táirgí nár díoladh ar chor ar bith ar an margadh baile, cuireadh na meánchostais SGA agus brabús na n-idirbheart go léir a rinneadh sa ghnáthchúrsa trádála ar an margadh baile leis na cineálacha sin.

3.2.1. *Praghas onnmhairiúcháin*

(58) Rinne na táirgeoirí sampláilte onnmhairiú chuig an Aontas go díreach trí chustaiméirí neamhspleácha nó trí chuideachta ghaolmhar, faoi mar a thuairiscítear in aithrisí (40) go (43) thuas.

(59) I gcás táirgeoirí onnmhairiúcháin a onnmhairíonn an táirge lena mbaineann go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha san Aontas, ba é a bpraghas onnmhairiúcháin an praghas a íocadh go hiarbhír nó a bhí iníoctha le haghaidh an táirge lena mbaineann nuair a díoladh lena onnmhairiú leis an Aontas é, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

(60) I gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a d'onnmhairigh an táirge lena mbaineann chuig an Aontas trí chuideachta ghaolmhar atá ag gníomhú mar allmhaireoir, agus is ar bhonn an phraghais ar ar athdhíoladh an táirge allmhairithe den chéad uair le custaiméirí neamhspleácha san Aontas a bunaíodh an praghas onnmhairiúcháin, i gcomhréir le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán. Sa chás sin, rinneadh coigeartuithe ar an bpraghas le haghaidh gach costas arna dtabhú idir allmhairiúchán agus athdhíol, lena n-áirítear speansais SGA, agus brabús a bhí ag fabhrú.

3.2.2. *Comparáid*

(61) Rinne an Coimisiún comparáid idir gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar bhonn an phraghais dhírigh ón monarcha.

(62) I gcás ina raibh údar maith leis mar gheall ar an ngá a bhí le comparáid chothrom a áirithiú, rinne an Coimisiún an gnáthluach agus/nó an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú le haghaidh difríochtaí lena ndearnadh difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna, i gcomhréir le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán. Rinneadh coigeartuithe maidir le hiompar, árachas, láimhseáil agus luchtú, pacáistiú, costais chreidmheasa, muirir bhainc, dleacht chustaim an Aontas agus muirir eile ar allmhairí.

(63) Mhaígh an táirgeoir onnmhairithe UPG gur aisíoc Rialtas Chónaidhm na Rúise suas le 80 % de na costais iompair a thabhaigh monaróirí agus a gcuid táirgí á n-iompar go margaí eachtracha acu. Mhaígh an táirgeoir onnmhairiúcháin sin gur cheart coigeartú suas ar an bpraghas onnmhairiúcháin a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 2(10)(e) agus (k) den bhun-Rialachán toisc nár deonaíodh aisíocaíocht chomhchosúil ar dhíolacháin bhaile.

(64) Déantar foráil in Airteagal 2(10)(k) den bhun-Rialachán go bhféadfar coigeartú a dhéanamh freisin maidir le difríochtaí idir fachtóirí eile nach ndéantar foráil maidir leo faoi phointí (a) go (j), má léirítear go ndéanann siad difear d'inchomparáideacht praghsanna mar a cheanglaítear faoin mhír seo, go háirithe má íocann custaiméirí praghsanna éagsúla i gcónaí ar an margadh baile i ngeall ar an difríocht idir na fachtóirí sin. Níor chuir an táirgeoir onnmhairiúcháin aon fhianaise isteach a léiríonn go raibh tionchar ag an scéim fóirdheontais sin ar na praghsanna. Go háirithe, an táirgeoir onnmhairiúcháin a mhaígh nár soláthraíodh sa choigeartú aon fhianaise a léiríonn gur íoc a chustaiméirí praghsanna éagsúla go comhsheasmhach ar an margadh baile mar gheall ar an difríocht líomhnaithe a bhí ann nuair a d'aisíoc Rialtas Chónaidhm na Rúise costais iompair idir díolacháin bhaile agus díolacháin onnmhairí. Gan dochar don mhéid sin thuas, thug an Coimisiún dá aire freisin gur dócha gur fóirdheontas onnmhairiúcháin de réir bhrí Airteagal 4(4)(a) de Rialachán (AE) 2016/1037 í aisíoc na gcostas iompair le haghaidh díolacháin chuig margaí eachtracha nuair a eisiatar díolacháin bhaile. Le scéimeanna den sórt sin bíonn sé níos éasca d'onnmhaireoirí dul san iomaíocht go héagórach ar mhargaí eachtracha agus, go háirithe, cleachtais dumpála a choinneáil ar bun ó thaobh airgeadais de. Mar sin, ní fachtóir iad atá incháilithe do choigeartú faoi Airteagal 2(10) den bhun-Rialachán. Go deimhin, dá gceadófaí coigeartú le haghaidh fachtóirí a d'fhágfadh go mbeadh sé níos éasca d'onnmhaireoir dul i mbun cleachtais dumpála, chuirfí fíor-mhéid na dumpála a dhéantar i bhfolach. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

(65) D'iarr an táirgeoir onnmhairiúcháin céanna freisin gur cheart coigeartú a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán i gcás coimisiúin a íocadh le trádálaí gaolmhar as na díolacháin ar an margadh baile. Mar sin féin, chuir an táirgeoir onnmhairiúcháin faisnéis ar fáil freisin gur bhain na coimisiúin a íocadh leis na díolacháin bhaile agus na díolacháin onnmhairí chuig an Aontas araon. Dá thoradh sin, is ar bhonn mhéid na ndíolachán sin a leithdháil an Coimisiún méid na gcoimisiún a íocadh leis an trádálaí lena mbaineann maidir le díolacháin bhaile agus díolacháin onnmhairí araon.

(66) Táirgeoirí onnmhairiúcháin uile ón ngrúpa sampláilte Sveza, rinne siad an táirge lena mbaineann a onnmhairiú chuig an Aontas trí chuideachta ghaolmhar bhaile, is é sin Sveza-Les LLC ("Sveza-Les") atá lonnaithe i gCathair Pheadair. Gach táirgeoir onnmhairiúcháin de chuid an ghrúpa Sveza, tá comhaontú maidir le gníomhaire coimisiúin sínithe aige leis an trádálaí gaolmhar atá i gceist. Tá baint dhíreach nó indíreach ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin go léir sa ghrúpa leis an gcuideachta sin. Mhaígh siad nár cheart na coimisiúin a íocadh leis an trádálaí a asbhaint ón bpraghas onnmhairiúcháin ós rud é nach ndéanann siad difear d'inchomparáideacht na bpraghsanna, toisc gur fheidhmigh an trádálaí gaolmhar na feidhmeanna ceannann céanna maidir leis na díolacháin onnmhairí agus na díolacháin bhaile. Is le luach saothair ghníomhaíochtaí gaolmhara an trádálaí a bhaineann an t-aon difríocht a líomhnaítear: Cumhdaítear na díolacháin bhaile le marcáil suas, agus tá na díolacháin onnmhairí faoi réir coimisiúin, bunaithe ar chomhaontuithe maidir le coimisiún. Mhaígh na táirgeoirí onnmhairiúcháin gur eintiteas eacnamaíoch aonair amháin leis an trádálaí a bhí iontu, rud a dhéanann difear do dhíolacháin bhaile agus onnmhairí araon.

(67) Mar fhreagairt air sin, mheabhraigh an Coimisiún gur shínigh na seacht gcuideachta is táirgeoirí sa ghrúpa conradh lena ndéantar foráil maidir le coimisiún a bheadh sainithe go soiléir i ndáil le gach díolachán onnmhairí a íocadh iarbhír. Ní hamhlaidh a bhí ar an margadh baile. Ardaíonn sé sin saincheist maidir le hinchomparáideacht praghsanna faoi Airteagal 2(10) idir an praghas onnmhairiúcháin agus an gnáthluach, agus dá bhrí sin rinne an Coimisiún an coimisiún a íocadh de bhun Airteagal 2(10)(i) a asbhaint.

(68) Ina theannta sin, maidir le heintiteas eacnamaíoch aonair a bheith ann, mheabhraigh an Coimisiún gur gné thábhachtach é faoi chásdlí an Aontais comhaontú i scríbhinn maidir le coimisiún a bheith ann i ndáil leis na díolacháin onnmhairí agus i ndáil leo siúd amháin, rud a léiríonn de ghnáth nach roinn díolacháin inmheánach de chuid na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin é an trádálaí a mhéid a bhaineann le díolacháin onnmhairí ([8]). Is iomaí clásal sa chonradh freisin, amhail clásal eadrána, a léiríonn easpa dlúthpháirtíochta idir na cuideachtaí. Ba dheacair na clásail sin a réiteach leis an maíomh gur cheart caitheamh leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin agus leis an trádálaí gaolmhar mar eintiteas eacnamaíoch aonair d'ainneoin gur cuideachtaí iad atá leithleach go dlíthiúil. Ba chosúil freisin go raibh roinnt feidhmeanna díolachán á gcoimeád ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin i bhfianaise a gcuid speansas SGA chuige sin. Ar deireadh, thug an Coimisiún dá aire gur eisigh an trádálaí gaolmhar na sonraisc in ainm na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin do na chéad chustaiméirí neamhspleácha san Aontas. I bhfianaise na mbreithnithe thuas, dhiúltaigh an Coimisiún go sealadach don mhaíomh gur eintiteas eacnamaíoch aonair iad an trádálaí agus na táirgeoirí onnmhairiúcháin a mhéid a bhaineann le díolacháin onnmhairí.

(69) Léiríodh san imscrúdú freisin go raibh baint ag gníomhairí neamhghaolmhara atá lonnaithe san Aontas le roinnt díolachán onnmhairí de chuid grúpa Sveza. Fuair na gníomhairí sin coimisiún, rud a taifeadadh i gcuntais Sveza-Les mar chuid dá chostais SGA. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún coigeartú ar an bpraghas onnmhairiúcháin i gcomhréir le hAirteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán i gcás an choimisiúin a íocadh leis na gníomhairí neamhghaolmhara as díolacháin onnmhairí. Is é an coimisiún atá comhdhéanta de tháillí gníomhairí faoi mar a taifeadadh iad i gcuntais Sveza-Les a bhí sa choigeartú.

(70) Ar deireadh, sa chas go ndearna an Coimisiún an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú, mhaígh an grúpa céanna go dtabharfadh sé sin le fios gur mheas an Coimisiún nár eintiteas eacnamaíoch aonair iad na táirgeoirí onnmhairiúcháin agus an trádálaí gaolmhar agus, dá thoradh sin, gur cheart asbhaintí a dhéanamh maidir leis na costais SGA agus maidir leis an mbrabús a bhaineann le hathdhíol an táirge chomhchosúil a dhíoltar ar an margadh baile.

(71) Mheabhraigh an Coimisiún go ndéantar díolacháin bhaile leis na chéad chustaiméirí neamhspleácha trí Sveza-Les, contrártha do chás na ndíolachán onnmhairí, i gcás ina dtugann na muilte sonrasc díreach do na chéad chustaiméirí neamhspleácha san Aontas. Is é sin le rá, athdhíolann Sveza-Les an táirge lena mbaineann a cheannaigh sé ó mhuilte éagsúla an ghrúpa. De bhun Airteagal 2(1) den bhun-Rialachán, is ar an bpraghas díolachán baile sin don chéad chustaiméir neamhspleách gur gá an gnáthluach a bhunú. Dá ndéanfaí an mharcáil suas a choigeartú de bhun Airteagal 2(10)(i), ghlacfaí leis gurbh é a bheadh sa díolachán ábhartha chun an gnáthluach a bhunú an díol idir na muilte agus Sveza-Les a gcinnfí praghas ina leith tar éis an mharcáil suas líomhnaithe a ghearrann Sveza-Les a asbhaint nuair agus táirge á athdhíol aige. Mar sin féin, ní díolacháin don chéad chustaiméir neamhspleách iad na díolacháin ó na muilte le Sveza-Les. Sna himthosca sin, ní bheadh asbhaint na marcála suas a ghearrann Sveza-Les

([8]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 25 Meitheamh 2015 sa chás T-26/12, PT Musim Mas, mír 50, arna dheimhniú ag an gCúirt Bhreithiúnais agus iad i mbun cinnidh faoin achomharc sa chás C-468/15 P an 26 Deireadh Fómhair 2016, míreanna 43-44.

comhsheasmhach le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán. Thairis sin, i gcomhréir le téacs Airteagal 2(10)(i), bheadh fianaise ag teastáil chun coigeartú a dhéanamh ar an marcáil suas a fhaigheann trádálaí, fianaise a léiríonn go ndéanann Sveza-Les feidhmeanna atá comhchosúil leis na feidhmeanna sin a dhéanann gníomhaire atá ag gníomhú ar bhonn coimisiúin maidir le díolacháin bhaile. Níl aon fhianaise den sórt sin sa chomhad. Ar bhonn an mhéid thuas, dhiúltaigh an Coimisiún go sealadach don mhaíomh go raibh údar le coigeartú i leith marcáil suas i le haghaidh díolacháin bhaile.

3.2.3. *Corrlach dumpála*

(72) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte, rinne an Coimisiún comparáid idir meánghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhaineann le cineál comhfhreagrach an táirge ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

(73) I gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sa Ghrúpa Sveza, ríomh an Coimisiún corrlach dumpála aonair le haghaidh gach táirgeora onnmhairiúcháin agus ar an dara céim, ríomh sé corrlach dumpála ualaithe maidir leis an nGrúpa Sveza ina iomláine.

(74) Ar an mbonn sin, is iad seo a leanas na meánchorrlaigh dhumpála ualaithe shealadacha arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas an chostais, árachais agus last-táille ag teorainn an Aontais, agus an dleacht neamhíoctha:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach
Sveza Group	15,9 %
Syktyvkar Plywood Mill Ltd.	15,0 %
Zheshartsky LPK LLC	15,3 %

(75) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla, ríomh an Coimisiún an meánchorrlach dumpála ualaithe i gcomhréir le hAirteagal 9(6) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, bunaíodh an corrlach ar bhonn chorrlaigh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte.

(76) Ar an mbonn sin, is é 15,7 % corrlach dumpála sealadach na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla.

(77) Maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile sa Rúis, bhunaigh an Coimisiún an corrlach dumpála ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Chuige sin, chinn an Coimisiún leibhéal comhair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin. Is ionann an leibhéal comhair agus méid onnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha chuig an Aontas arna shloinneadh ina chion den mhéid allmhairí iomlán ón tír lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe a bunaíodh ar bhonn Eurostat.

(78) Sa chás seo, is leibhéal ard atá i leibhéal an chomhair toisc go raibh in onnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha thart ar 81 % de na hallmhairí iomlána le linn na tréimhse imscrúdaithe. Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún an corrlach dumpála a leagan síos le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha ar leibhéal na cuideachta a ndearnadh scrúdú aonair uirthi agus a bhfuil an corrlach dumpála is airde aici.

(79) Is mar seo a leanas atá na corrlaigh shealadacha dhumpála, arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CIF ag teorainn an Aontais, agus an dleacht neamhíoctha:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach
Sveza Group	15,9 %
Syktyvkar Plywood Mill Ltd.	15,0 %
Zheshartsky LPK LLC	15,3 %
Cuideachtaí comhoibríocha eile	15,7 %
Gach cuideachta eile	15,9 %

4. DÍOBHÁIL

4.1. **Sainmhíniú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(80) Rinne cúig tháirgeoir aitheanta déag san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse imscrúdaithe. Is iad "tionscal an Aontais" iad de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(81) Maidir le táirgeacht iomlán an Aontais le linn na tréimhse imscrúdaithe, rinneadh í a mheas ag thart ar 849 000 méadar ciúbach. Is ar bhonn na faisnéise uile a bhí ar fáil maidir le tionscal an Aontais, ar nós na bhfreagraí ar an gceistneoir a fuarthas ó na táirgeoirí ón Aontas a sampláladh, a shuigh an Coimisiún an figiúr sin. Mar a léirítear i roinn 1.6, na trí tháirgeoir ón Aontas a sampláladh, ba ionann iad agus 39 % de tháirgeacht iomlán an Aontais maidir leis an táirge comhchosúil.

(82) Táirgeadh an Aontais atá beartaithe don tomhaltas faoi chuing, measadh é sin a bheith faoi bhun 0,5 %. Mar gheall ar a neamhábhartha atá an tomhaltas faoi chuing, ní mheastar go bhfuil sé ábhartha don anailís ar dhíobháil sa chás seo ach oireadh.

4.2. **Tomhaltas an Aontais**

(83) Bhunaigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn (a) sonraí a chuir an gearánach isteach maidir le díolacháin an tionscail de chuid an Aontais i ndáil leis an táirge comhchosúil le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas, mar atá cros-seiceáilte leis na méideanna díolachán a thuairiscigh na táirgeoirí ón Aontas a sampláladh; (b) allmhairí an táirge faoi imscrúdú ó gach tríú tír mar a tuairiscíodh in Eurostat ([9]).

(84) Tháinig forbairt ar thomhaltas an Aontais mar a leanas:

Tábla 1

Tomhaltas an Aontais i méadair chiúbacha (m³)

	2017	2018	2019	Tréimhse imscrúdaithe
Tomhaltas iomlán an Aontais	1 874 725	2 000 293	2 080 786	2 130 325
Innéacs	*100*	*107*	*111*	*114*

Foinse: An gearánach, táirgeoirí ón Aontas a sampláladh agus Eurostat

(85) Tháinig méadú 14 % ar thomhaltas san Aontas le linn na tréimhse atá á meas. In anailís mhionsonraithe léirítear go bhfuil méadú de réir a chéile tagtha bliain i ndiaidh bliana, agus an méadú is mó ó 2017 go 2018 de 7 %, le ráta a laghdaigh sna blianta ina dhiaidh sin ach le fás leanúnach ann.

4.3. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

4.3.1. *Modheolaíocht chun allmhairí den táirge lena mbaineann a shainaithint*

(86) Sular tionscnaíodh an t-imeacht agus sular cruthaíodh cód TARIC sonrach ina dhiaidh sin ([10]), rinneadh allmhairí den táirge lena mbaineann a thaifeadadh ag leibhéal AC ([11]) lena n-áirítear freisin táirgí eile seachas an táirge lena mbaineann. Chun toirt na n-allmhairí den táirge lena mbaineann a mheas le linn na tréimhse á meas, an cóimheas (TARIC/CN) atá le feiceáil tar éis an tionscnaimh idir méideanna allmhairiúcháin an chóid AC iomlán agus toirt na n-allmhairí don táirge lena mbaineann, iad bunaithe ar shonraí TARIC, sin é an cóimheas a chuir an Coimisiún i bhfeidhm. I gcás allmhairí ón tír lena mbaineann, bunaíodh an cóimheas ag 78 %.

(87) Le torthaí na modheolaíochta sin, deimhnítear an treocht iompórtála a léirítear sa ghearán.

([9]) Foinse na sonraí Eurostat, arna gcoigeartú tríd an modheolaíocht a mhínítear i roinn 4.3.1 a chur i bhfeidhm.
([10]) Cód TARIC: 4412 33 00 10
([11]) Cód AC: 4412 33 00

4.3.2. *Toirt agus sciar de mhargadh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann*

(88) Bunaithe ar na modheolaíochta thuasluaite, is ar bhonn sonraí ó Eurostat a shuigh an Coimisiún toirt na n-allmhairí. Suíodh an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí trí thoirt na n-allmhairí a chur i gcomparáid le tomhaltas an Aontais.

(89) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar allmhairí ón tír lena mbaineann:

Tábla 2

Toirt na n-allmhairí (m³) agus an sciar den mhargadh

	2017	2018	2019	Tréimhse imscrúdaithe
Toirt na n-allmhairí ón Rúis (m³)	871 050	933 329	1 081 937	1 192 712
Innéacs	*100*	*107*	*124*	*137*
Sciar den mhargadh	46 %	47 %	52 %	56 %
Innéacs	*100*	*100*	*112*	*120*

Foinse: Eurostat

(90) Tháinig méadú ar allmhairí ón tír lena mbaineann ó thart ar 871 050 méadar ciúbach go dtí thart ar 1 192 712 méadar ciúbach le linn na tréimhse atá á meas, is é sin méadú 37 %. Tháinig méadú ar an sciar den mhargaidh de na hallmhairí sin ó 46 % go 56 % le linn na tréimhse atá á meas, is é sin méadú 20 %.

4.3.3. *Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus sladghearradh praghais*

(91) Bhunaigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí ar bhonn staitisticí EUR/tona ó Eurostat ag leibhéal AC. Cé gur taifeadadh allmhairí den táirge lena mbaineann, mar a mhínítear i roinn 4.3.1 thuas, in éineacht le ciseán táirgí is mó, tugann an mhodheolaíocht sin meastachán iontaofa ar phraghsanna agus ar an athrú a tháinig orthu le himeacht an ama toisc gurb ionann formhór mór na n-allmhairí faoin gcód AC seo agus an táirge lena mbaineann, agus is féidir comparáid a dhéanamh idir forbairt praghsanna idir tíortha éagsúla is onnmhaireoirí dá bharr.

(92) Seo a leanas mar a tháinig forbairt ar mheánphraghas allmhairí ón tír lena mbaineann:

Tábla 3

Praghsanna allmhairí (EUR/tona)

	2017	2018	2019	Tréimhse imscrúdaithe
An Rúis	646	681	608	584
Innéacs	*100*	*105*	*94*	*90*

Foinse: Eurostat

(93) Tháinig laghdú ar mheánphraghsanna na n-allmhairí ón Rúis ó 646 EUR/tona in 2017 go 584 EUR/tona le linn na tréimhse imscrúdaithe, is é sin laghdú 10 %. Tháinig méadú 5 % ar mheánphraghas na n-allmhairí in 2018 agus tháinig laghdú 15 % air sna tréimhsí ina dhiaidh sin.

(94) Is é an treocht chéanna atá le sonrú nuair a úsáidtear na meánphraghsanna onnmhairiúcháin ualaithe arna dtuairisciú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, agus praghas EUR 434/m³ á thaispeáint sa tréimhse imscrúdaithe don táirge atá faoi imscrúdú. Dá bhrí sin, bhí praghsanna allmhairiúcháin faoi bhun phraghsanna díolachán tháirgeoirí an Aontais (féach tábla 7) go comhsheasmhach, rud a léirigh difríocht praghais 38 % le linn na tréimhse imscrúdaithe.

(95) Díoltar sraithadhmaid beithe ina thoisí éagsúla agus ina cháilíocht éagsúil; díoltar é freisin de réir sonraíochtaí sonracha le haghaidh custaiméirí. I ngeall ar an éagsúlacht mhór cineálacha táirgí a dhíolann tionscal an Aontais agus táirgeoirí onnmhairiúcháin na Rúise, ba dheacair táirgí comhionanna a mheaitseáil go mór le chéile mar gheall ar an gcóras mionsonraithe maidir le códuimhreacha táirgí a bunaíodh ag an tús. Chun na praghsanna a chur i gcomparáid le chéile, dá bhrí sin, rinne an Coimisiún comhfhogasú atá réasúnta agus daingean go teicniúil trí roinnt cineálacha táirgí atá comhchosúil a ghrúpáil le chéile, sa dóigh is gur féidir comparáid chuí a dhéanamh idir na táirgí a dhíolann tionscal an Aontais agus na cineálacha táirgí coibhéiseacha a dhíolann táirgeoirí onnmhairiúcháin na Rúise. Ar an mbonn sin, bhí an leibhéal meaitseála idir cineálacha éagsúla táirgí a dhíolann tionscal an Aontais agus na cineálacha táirgí a dhíolann táirgeoirí onnmhairiúcháin na Rúise os cionn 68 % de na méideanna allmhairithe ag táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte na Rúise.

(96) Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn na tréimhse imscrúdaithe tríd an méid seo a leanas a chur i gcomparáid:

(97) na meánphraghsanna díolachán ualaithe in aghaidh chineál táirge tháirgeoirí an Aontais a sampláladh, rud a gearradh ar chustaiméirí neamhghaolmhara ar mhargadh an Aontais. Ós rud é gur dhíol táirgeoirí an Aontais an táirge lena mbaineann go díreach, agus trí chuideachtaí díolachán gaolmhara chomh maith, rinneadh an praghas díolachán a choigeartú, de réir mar is iomchuí, maidir le hiompar, árachas agus costas láimhseála ar an leibhéal díreach ón monarcha; agus

(98) na meánphraghsanna ualaithe comhfhreagracha in aghaidh chineál táirge na n-allmhairí ó na táirgeoirí ón Rúis a sampláladh leis an gcéad chustaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais, arna choigeartú maidir le leibhéal theorainn chustaim an Aontais. I gcás na ndíolachán a rinneadh trí allmhaireoir gaolmhar, rinneadh coigeartú breise faoi Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán. Cuireadh méid le haghaidh costais iar-allmhairiúcháin agus le haghaidh dleacht chustaim leis an bpraghas atá bunaithe cheana ar leibhéal theorainn chustaim an Aontais. Na díolacháin sin, ba lú iad ná 5 % d'iomlán díolachán na dtáirgeoirí sampláilte ón Rúis.

(99) Is ar bhonn an chineáil d'idirbhearta a rinneadh an chomparáid praghsanna, arna gcoigeartú go cuí i gcás inar gá le haghaidh lacáistí agus lascainí. Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas teoiriciúil na dtáirgeoirí ón Aontas a sampláladh le linn na tréimhse imscrúdaithe.

(100) Ar bhonn an méid sin thuas, le hallmhairí dumpáilte na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a samplaíodh, léiríodh meánchorrlaigh shladghearrtha ualaithe de 12,6 % (idir 9,5 % agus 18,5 %). Is é a mheastar gur mór na corrlaigh shladghearrtha atá ann.

4.4. **Cás eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.4.1. *Barúlacha ginearálta*

(101) I gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, sa scrúdú ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar thionscal an Aontais, áiríodh meastóireacht ar na táscairí eacnamaíocha uile a raibh baint acu le staid an tionscail san Aontais le linn na tréimhse atá á meas.

(102) Faoi mar a luaitear i roinn 1.6.1, má tharla aon díobháil do thionscal an Aontais, úsáideadh sampláil chun an díobháil fhéideartha sin a chinneadh.

(103) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus cinn atá micreacnamaíoch. Is ar bhonn sonraí atá san fhreagra a thug an gearánach ar an gceistneoir a bhain le táirgeoirí uile an Aontais a rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha, agus rinne siad cros-seiceáil nuair ba ghá leis na freagraí ón gceistneoir ó na táirgeoirí ón Aontas a sampláladh. Is ar bhonn sonraí sna freagraí ceistneora ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais a rinne an Coimisiún measúnú ar na táscairí micreacnamaíocha, táirgeoirí a ndéanadh cros-seiceáil chianda orthu. Is éard a fuarthas amach gur rudaí iad an dá thacar sonraí a bhí ionadaíoch ar chás eacnamaíoch an tionscail san Aontais.

(104) Seo iad na táscairí maicreacnamaíocha: an táirgeacht, an acmhainneacht táirgeachta, an úsáid acmhainneachta, an méid díolachán, an sciar den mhargadh, an fás, an fhostaíocht, an táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ón dumpáil a bhí ann cheana.

(105) Seo iad na táscairí micreacnamaíocha: na meánphraghsanna aonaid, costas an aonaid, na costais saothair, na fardail, an bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a thiomsú.

4.4.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

4.4.2.1. Táirgeadh, acmhainní táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(106) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar tháirgeacht iomlán, acmhainneacht táirgeachta iomlán agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse atá á meas:

Tábla 4

Táirgeacht, acmhainní táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2017	2018	2019	Tréimhse an imscrúdaithe
Toirt na táirgeachta (m^3)	982 658	1 009 772	879 540	848 900
Innéacs	*100*	*103*	*90*	*86*
Acmhainneacht táirgeachta (m^3)	1 244 310	1 296 650	1 328 000	1 203 000
Innéacs	*100*	*104*	*107*	*97*
úsáid acmhainneachta	79 %	78 %	66 %	71 %
Innéacs	*100*	*99*	*84*	*89*

Foinse: Gearánach agus táirgeoirí ón Aontas a sampláladh

(107) Le linn na tréimhse atá á meas, tháinig laghdú 14 % ar an méid a bhí tionscal an Aontais a thairgeadh, is é sin tuairim agus 140 000 méadar ciúbach. Tháinig méadú beag ó 2017 go 2018, agus bhí laghdú suntasach ann ina dhiaidh sin le linn na dtréimhsí seo a leanas.

(108) Is amhlaidh a laghdaíodh acmhainneacht táirgeachta an Aontais de 3 % ina iomláine le linn na tréimhse atá á meas. Tháinig méadú beag ar acmhainneacht táirgeachta an Aontais in 2018 agus in 2019, rud a mhíníonn an t-aga moille idir an cinneadh chun acmhainneachtaí a mhéadú agus an éifeacht a bheadh leis. Le linn na tréimhse imscrúdaithe (TI). Tháinig méadú 10 % ar thionscal an Aontais le hais mar a bhí in 2019, áfach.

(109) Le linn na tréimhse atá á meas, tháinig laghdú 11 % ar úsáid acmhainneachta thionscal an Aontais ós rud é nárbh fhéidir le táirgeoirí an Aontais an táirgeadh a mhéadú i gcomhréir le fás an mhargaidh. Ó 2017 go 2019, tháinig laghdú 16 % ar an úsáid, agus ina dhiaidh sin tháinig méadú 5 % le linn na tréimhse imscrúdaithe, rud a tharla mar gheall ar dhí-infheistiú agus ar dúnadh na láithreán táirgeachta.

4.4.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

(110) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar mhéid díolachán thionscail an Aontais agus ar an sciar den mhargadh le linn na tréimhse atá á meas:

Tábla 5

An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

	2017	2018	2019	Tréimhse an imscrúdaithe
An méid iomlán díolachán ar mhargadh an Aontais (m^3)	821 341	818 621	757 103	680 243
Innéacs	*100*	*100*	*92*	*83*
An sciar den mhargadh	44 %	41 %	36 %	32 %
Innéacs	*100*	*93*	*83*	*73*

Foinse: An gearánach, táirgeoirí ón Aontas a sampláladh agus Eurostat

(111) Le linn na tréimhse atá á meas, tháinig laghdú suntasach 17 % ar an mhéid díolachán i dtionscal an Aontais ina iomláine. D'fhan méid dhíolacháin an Aontais ar aon leibhéal amháin ó 2017 go 2018, ach in 2019 bhí laghdú 8 % ann, agus laghdú eile 9 % ó 2019 go dtí an tréimhse imscrúdaithe.

(112) Mar aon leis an laghdú ar an díolachán, tháinig laghdú 27 % ar sciar thionscal an Aontais den mhargadh le linn treocht meatha a bhí gan athrú, rud a chuir laghdú ar láithreacht thionscal an Aontais sa mhargadh ó 44 % de sciar den mhargadh in 2017 go 32 % de le linn na tréimhse imscrúdaithe.

4.4.2.3. An fás

(113) I gcomhthéacs an mhéadaithe ar an margadh, agus ó tharla méadú tomhaltais san Aontas, léiríonn na figiúirí thuas gur tháinig laghdú suntasach ar thionscal an Aontais i ndáil le táirgeacht, leis an méid díolachán agus leis an sciar den mhargadh atá aige.

4.4.2.4. An fhostaíocht agus an táirgiúlacht

(114) Le linn na tréimhse atá á meas, is mar a leanas a tháinig forbairt ar an bhfostaíocht agus ar an táirgiúlacht:

Tábla 6

An fhostaíocht agus an táirgiúlacht

	2017	2018	2019	Tréimhse an imscrúdaithe
An líon fostaithe	6 039	5 960	5 325	5 308
Innéacs	*100*	*99*	*88*	*88*
Táirgiúlacht (m^3/fostaí)	163	169	165	160
Innéacs	*100*	*104*	*102*	*98*

Foinse: Gearánach agus táirgeoirí ón Aontas a sampláladh

(115) Tháinig laghdú 12 % ar leibhéal na fostaíochta i dtionscal an Aontais le linn na tréimhse atá á meas. Ó 2017 go 2018, bhí cobhsaíocht réasúnta mór ann ó thaobh na fostaíochta de cé gur tháinig laghdú 79 ar líon na bhfostaithe fiú le linn na tréimhse cobhsaíochta sin. Tharla laghdú mór eile ar an bhfostaíocht in 2019, agus níor tháinig biseach air le linn na tréimhse imscrúdaithe, ach lean sí uirthi ag laghdú de bheagán.

(116) I bhfianaise an laghdaithe sa táirgeacht agus san fhostaíocht, is rud é táirgiúlacht lucht saothair thionscal an Aontais, rud a thomhaistear ina thonaí sa bhliain in aghaidh an fhostaí, táirgiúlacht ar tháinig laghdú 2 % uirthi le linn na tréimhse atá á meas. Tháinig méadú 4 % air ó 2017 go dtí 2018, agus tháinig laghdú air ina dhiaidh sin sna chéad tréimhsí eile.

4.4.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ón dumpáil a rinneadh roimhe sin

(117) Tá gach corrlach dumpála i bhfad níos airde ná an leibhéal *de minimis*. Is mór an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach dumpála ar thionscal an Aontais, i bhfianaise thoirt agus phraghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann.

(118) Is é seo an chéad imscrúdú frithdhumpála maidir leis an táirge lena mbaineann. Dá bhrí sin, ní raibh aon sonraí ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar thionchair na dumpála féideartha san am a chuaigh thart.

4.4.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.4.3.1. Praghsanna agus fachtóirí a mbíonn tionchar acu ar phraghsanna

(119) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar mheánphraghsanna díolachán aonaid ualaithe na dtáirgeoirí ón Aontas a rinneadh a shampláil le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas le linn na tréimhse atá á meas:

Tábla 7

Praghsanna díolachán san Aontas

	2017	2018	2019	Tréimhse an imscrúdaithe
An meánphraghas díolachán aonaid san Aontas ar an margadh iomlán (EUR/tona)	717	746	732	694
Innéacs	*100*	*104*	*102*	*97*
Costas táirgeachta in aghaidh an aonaid (EUR/m³)	629	670	713	692
Innéacs	*100*	*107*	*113*	*110*

Foinse: Táirgeoirí an Aontais a sampláladh

(120) Le linn na tréimhse atá á meas, laghdaigh praghsanna díolachán ar mhargadh an Aontais le páirtithe neamhghaolmhara ó EUR 717/m³ go EUR 694/m³, sin laghdú 3 %. In 2018, tháinig méadú beag 4 % ar leibhéal na bpraghsanna, ach ba shealadach an méadú é, agus is laghdú a bhí i ndán dó sna chéad tréimhsí eile.

(121) Le linn na tréimhse céanna, tháinig méadú 10 % ar chostas táirgeachta in aghaidh an aonaid de na táirgeoirí sampláilte ón Aontas. An snas a chuirtear ar cheapa beithe, sin é an príomh-amhábhar atá ann, agus bhí tionchar ag forbairt phraghas an amhábhair sin ar chostas na táirgeachta, sin agus ag na deacrachtaí atá ann tairbhe iomlán a bhaint as barainneachtaí scála mar gheall ar an laghdú ar an díolachán agus ar an táirgeadh.

4.4.3.2. Costais saothair

(122) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar mheánchostais saothair na dtáirgeoirí ón Aontas a sampláladh le linn na tréimhse atá á meas:

Tábla 8

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2017	2018	2019	Tréimhse an imscrúdaithe
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	23 474	23 542	23 733	23 690
Innéacs	*100*	*100*	*101*	*101*

Foinse: Táirgeoirí an Aontais a sampláladh

(123) Tháinig méadú 1 % ar mheánchostais saothair in aghaidh an fhostaí i rith na tréimhse atá á meas.

4.4.3.3. Fardail

(124) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar leibhéil stoic na dtáirgeoirí ón Aontas a sampláladh le linn na tréimhse atá á meas:

Tábla 9

Fardail

	2017	2018	2019	Tréimhse an imscrúdaithe
Stoic dheiridh (m³)	30 894	43 550	35 706	37 685
Innéacs	*100*	*141*	*116*	*122*

Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht	3,1 %	4,3 %	4,1 %	4,4 %
Innéacs	*100*	*137*	*129*	*141*

Foinse: Táirgeoirí an Aontais a sampláladh

(125) Le linn na tréimhse, tháinig méadú 22 % ar stoic tháirgeoirí sampláilte an Aontais. An méadú mór 41 % is rud é a tharla idir 2017 agus 2018, agus is in 2018 a bhain na stoic an t-uasleibhéal amach. Ina dhiaidh sin, d'éirigh le tionscal an Aontais stoic a laghdú 25 % in 2019 mar rinne sé an táirgeadh a choigeartú, ach tháinig méadú 6 % arís ar na stoic ó 2019 go dtí an tréimhse imscrúdaithe mar gheall ar an laghdú leanúnach i ndíolachán an Aontais. Tháinig méadú ar na stoic deiridh mar chéatadán den táirgeadh ó 3,1 % in 2017 go 4,4 % le linn na tréimhse scrúdaithe.

4.4.3.4. Brabúsacht, an sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus cumas caipiteal a ardú

(126) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar an mbrabúsacht, ar an sreabhadh airgid, ar infheistíochtaí agus ar an toradh ar infheistíochtaí de chuid na dtáirgeoirí ón Aontas a rinneadh a shampláil le linn na tréimhse atá á meas:

Tábla 10

An bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, na hinfheistíochtaí agus an toradh ar infheistíochtaí

	2017	2018	2019	Tréimhse an imscrúdaithe
Brabúsacht díolacháin san Aontas le custaiméirí neamhghaolmhara (% de láimhdeachas an díolacháin)	9,7 %	7,4 %	0,2 %	-2,8 %
Innéacs	*100*	*76*	*2*	*-28*
An sreabhadh airgid (EUR)	191 991 172	187 065 363	175 135 121	165 108 224
Innéacs	*100*	*97*	*91*	*86*
Infheistíochtaí (EUR)	14 326 493	12 473 095	11 169 293	14 237 597
Innéacs	*100*	*87*	*78*	*99*
An toradh ar na hinfheistíochtaí	20 %	11 %	0 %	-2 %
Innéacs	*100*	*55*	*2*	*-10*

Foinse: Táirgeoirí an Aontais a sampláladh

(127) Shuigh an Coimisiún brabúsacht na dtáirgeoirí ón Aontas a rinneadh a shampláil trí ghlanbhrabús roimh cháin dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin. Thit an tóin as brabúsacht na dtáirgeoirí sampláilte le linn na tréimhse atá á meas, agus is titim ó bheagnach 10 % in 2017 go gar do -3 % a tharla le linn na tréimhse imscrúdaithe.

(128) Faoi mar a míníodh i roinn 4.4.3.1, an méadú ar chostais tháirgeoirí an Aontais, ba mhór idir an méadú sin agus an t-ardú a tháinig ar an praghsanna. Níorbh fhéidir le tionscal an Aontais praghsanna a ardú chomh mór céanna agus a bhí na costais ag méadú mar gheall ar an mbrú anuas a bhí ann ó allmhairí dumpáilte na Rúise, i dtéarmaí méideanna agus praghsanna ísle araon. Go deimhin, le linn na tréimhse atá á meas, bhí allmhairí na Rúise ag dul i dtoirt agus i dtábhacht go tréan tairiseach, ach ní raibh aon ardú ar na praghsanna féin, agus ba léir ísliú orthu i rith na tréimhse atá á meas. Meánphraghas allmhairí na Rúise, is rud é a bhí go mór faoi bhun phraghsanna tionscail an Aontais, rud a chuir teorainn le féidearthacht mhéaduithe na bpraghsanna, rud a mbeifí ag súil leis i gcomhthéacs costais amhábhar a bheith ag méadú, sin agus méadú a bheith ar an éileamh. Is é toradh a bhí air sin ísliú agus laghdú brabúsachta arae is caillteanas a bhí i dtionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdaithe.

(129) Is ionann an sreabhadh airgid glan agus cumas tháirgeoirí an Aontais a gcuid gníomhaíochtaí a mhaoiniú iad féin. Le linn na tréimhse imscrúdaithe, is diúltach a tharla forbairt ar an treocht sa sreabhadh airgid glan, agus bhí laghduithe bliantúla ann, rud a d'fhág go raibh titim iomlán 14 % ó 2017 go dtí an tréimhse imscrúdaithe. Is rud é an laghdú brabúis a d'imir tionchar diúltach ar an gcumas caipiteal a thiomsú.

(130) Tháinig laghdú 1 % ar leibhéal na n-infheistíochtaí bliantúla le linn na tréimhse atá á meas, ach idir 2018 agus 2019 is cúlú 22 % a tharla ar an leibhéal sin, agus is ar éigean a d'fhill sé go dtí leibhéal 2017 le linn na tréimhse imscrúdaithe. Forbairt an mhargaidh agus an tionchar ar an díolachán agus ar an mbrabúsacht, sin é an míniú ar na laghduithe tosaigh, ach is é aidhm atá ag an méadú ar an tréimhse imscrúdaithe le déanaí na hacmhainneachtaí atá ann cheana a choinneáil agus na sócmhainní riachtanacha táirgthe a athsholáthar go cuí.

(131) Is é an toradh atá ar na hinfheistíochtaí an brabús ina chéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. Is diúltach a tháinig forbairt air i rith na tréimhse atá á meas, agus d'imigh sé ina cheo ar fad in 2017 ó 20 % go -2 % i rith na tréimhse imscrúdaithe. Is éard a léiríonn an fhorbairt dhiúltach, cé gur leanadh den infheistíocht d'fhonn an t-iomaíochas a choinneáil ar bun, go bhfuil na torthaí ar na hinfheistíochtaí sin tar éis titim go mór le linn na tréimhse atá á meas.

4.4.4. *Conclúid faoin díobháil*

(132) I gcomhthéacs méadú suntasach ar an tomhaltas san Aontas (+ 14 %), tháinig méadú ní ba mhó fós ar allmhairí ón Rúis le linn na tréimhse atá á meas (+ 37 %), ag praghsanna atá ag gearradh na mbonn de phraghsanna thionscal an Aontais. D'fhág sin gur fhéad táirgeoirí onnmhairiúcháin na Rúise sciar 56 % den mhargadh a bhaint amach le linn na tréimhse imscrúdaithe (aníos ó 46 % in 2017).

(133) Sna himthosca sin, ní hamháin nár fhéad tionscal an Aontais tairbhe a bhaint as margadh atá ag méadú, ach chuaigh an cás eacnamaíoch in olcas ann, faoi mar a léirigh na príomh-mhacratháscairí go léir a bhfuil treocht dhiúltach le sonrú orthu: táirgeadh (-14 %), díolachán AE (-17 %) agus laghdú suntasach ar a sciar féin den mhargadh (ó 44 % go 32 %) sa tréimhse atá i gceist.

(134) Mar fhreagairt ar an mbrú a bhí ann ó phraghsanna ísle na Rúise, d'fhéach tionscal an Aontais le costais agus coigeartuithe fostaíochta a laghdú (-12 %). Mar sin féin, mar thoradh ar an mbrú ó allmhairí dumpáilte na Rúise i dtéarmaí na méideanna méadaithe agus na bpraghsanna ísle, tháinig laghdú ar dhíolachán an Aontais agus mhéadaigh ar na stoic go tapa (+ 22 %) le linn na tréimhse atá á meas, ionas gur bhain siad uasleibhéal amach (+ 41 %) in 2018.

(135) Tháinig ardú mór ar chostas táirgeachta thionscal an Aontais le linn na tréimhse atá á meas (+ 10 %), agus ba é an méadú mór sna praghsanna amhábhar an phríomhchúis a bhí leis sin.

(136) Tháinig méadú níos mó ar chostas thionscal an Aontais ná ar na praghsanna díolachán, agus dá bhrí sin thit an bhrabúsacht sa tréimhse atá á meas, ó rud a bhí sláintiúil (+ 10 %) in 2017 go rud ina mbeadh caillteanas neamh-inbhuanaithe ann (-3 %) le linn na tréimhse imscrúdaithe.

(137) Ar bhonn an mhéid sin thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim sin gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán.

5. CÚISÍOCHT

5.1. I gcomhréir le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán, is ceist a d'fhiosraigh an Coimisiún ar bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann. I gcomhréir le hAirteagal 3(7) den bhun-Rialachán, ceist eile a d'fhiosraigh an Coimisiún an bhféadfadh gur bhain díobháil do thionscal an Aontais de dheasca fachtóirí aitheanta eile san am céanna. Aon díobháil fhéideartha a chruthaigh fachtóirí seachas na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann, d'áirithigh an Coimisiún nach i leith na n-allmhairí dumpáilte a cuireadh an díobháil. Seo a leanas na fachtóirí sin: Allmhairí ó thríú tíortha, feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais, an tomhaltas, míbhuntáiste iomaíoch maidir le rochtain ar an bpríomh-amhábhar, féindíobháil, stailceanna san Fhionlainn, éifeachtaí COVID-19, inchomparáideacht na dtáirgí.

5.2. **Tionchair na n-allmhairí dumpáilte**

(138) An meath a tháinig ar chás thionscal an Aontais go heacnamaíoch, is rud é a tharla in aon am amháin le méadú ar líon na n-allmhairí ón Rúis a bhí ag sciobadh sciar mór suntasach den mhargadh dóibh féin. Bhain sin an dá bhonn de phraghsanna thionscal an Aontais, agus is é cúngú na bpraghsanna an toradh a bhí air sin i ngach cás. I ndáil leis an méid sin, chuir éabhlóid na dtoirteanna agus na bpraghsanna allmhairiúcháin faoi mar a léirítear i dtábla 2 agus i dtábla 3 cúngú ar leibhéal na bpraghsanna i dtionscal an Aontais, rud a thug nasc cúisíoch chun follais idir an dá ní.

(139) Tháinig méadú 37 % ar allmhairí ón Rúis le linn na tréimhse atá á meas, ó thuairim agus 870 050 m3 in 2017, rud arbh ionann agus sciar 46 % den mhargadh, go 1 192 712 m3 le linn na tréimhse imscrúdaithe, is é sin sciar 56 % den mhargadh. Is allmhairí iad sin atá ag méadú, agus is ar phraghsanna níos ísle ná praghsanna thionscal an Aontais le linn na tréimhse atá á meas a rinneadh iad, agus i gcás ar bith ar leibhéil praghsanna is cúis le cúngú praghsanna, ó tharla nach bhféadfadh tionscal an Aontais a chuid praghsanna féin a mhéadú i gcomhréir leis an méadú ar an gcostas táirgeachta.

(140) Le linn na tréimhse imscrúdaithe, is mór is diúltach an tionchar a bhí aige sin ar thionscal an Aontais. Nuair is é ardú na gcostas a bhí ag tarlú faoi bhrú na n-allmhairí dumpáilte ón Rúis, níorbh fhéidir le tionscal an Aontais praghsanna inbhuanaithe a leagan síos, agus is é toradh a bhí air seo titim an-mhór sa bhrabúsacht ó 10 % go caillteanais (-3 %), mar aon le meath dá dheasca sin ar na táscairí airgeadais.

(141) Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid go sealadach go ndearna allmhairí dumpáilte ón Rúis díobháil ábhartha do thionscal an Aontais i dtéarmaí praghsanna agus toirte.

5.3. **Tionchair fachtóirí eile**

5.3.1. *Allmhairí ó thríú tíortha*

(142) Chun toirt na n-allmhairí ó thríú tíortha a chinneadh, faoi mar a mhínítear i roinn 4.3.1 thuas, an cóimheas (TARIC/CN) atá le feiceáil tar éis an tionscnaimh idir méideanna allmhairiúcháin an chóid AC iomlán agus toirt na n-allmhairí don táirge lena mbaineann, iad bunaithe ar shonraí TARIC, sin é a cóimheas a chuir an Coimisiún i bhfeidhm. Ba iad an Bhealarúis agus an Úcráin an t-aon dá thríú tír a d'allmhairigh toirt shuntasach táirgí chuig an Aontas. I gcás na Bealarúise de, is ag 43 % a bunaíodh an cóimheas.

(143) I gcás na hÚcráine de, is éard a fuair an Coimisiún gur sonraí saofa a bhí sna staitisticí a tuairiscíodh ar leibhéal an aonaid fhorlíontaigh (méadair chiúbacha sa chás seo). Chun críocha na comparáide dá bhrí sin, chinn an Coimisiún an meáchan tuairiscithe (tonaí) a thiontú ina mhéadair chiúbacha, ós tacar sonraí é sin atá níos iontaofa agus níos cobhsaí.

(144) Chun tonaí a thiontú ina méadair chiúbacha, bhain an Coimisiún úsáid as eochair chomhshó, eadhon "modh" na Rúise agus na Bealarúise maidir le toirt agus meáchan ar leibhéal TARIC tar éis a thionscanta (faoi mar a shainmhínítear ar an luach a bhíonn le feiceáil go minic i sraith de luachanna sonraí). Is ag 0,69 a bunaíodh an eochair comhshó, chun tonnaí allmhairithe ón Úcráin a thiontú ina méadair chiúbacha.

(145) Bhunaigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí bunaithe ar EUR/tona ag leibhéal AC, faoi mar atá mínithe i roinn 4.3.3 thuas.

(146) Seo a leanas mar a tháinig forbairt ar thoirt na n-allmhairí ó thríú tíortha eile le linn na tréimhse a breithníodh:

Tábla 11

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2017	2018	2019	Tréimhse an imscrúdaithe
an Úcráin	Toirt (m^3)	82 029	100 935	104 962	106 785
	Innéacs	*100*	*123*	*128*	*130*
	An sciar den mhargadh	4 %	5 %	5 %	5 %
	Meánphraghas (EUR/tona)	651	725	641	616
	Innéacs	*100*	*111*	*98*	*95*
An Bhealarúis	Toirt (m^3)	81 638	112 922	75 961	93 231
	Innéacs	*100*	*138*	*93*	*114*

	An sciar den mhargadh	4 %	6 %	4 %	4 %
	Meánphraghas (EUR/tona)	403	481	387	363
	Innéacs	*100*	*119*	*96*	*90*
Tríú tíortha eile ([12])	Toirt (m^3)	18 668	34 486	60 822	57 354
	Innéacs	*100*	*185*	*326*	*307*
	An sciar den mhargadh	1 %	2 %	3 %	3 %
	Meánphraghas (EUR/tona)	566	576	565	561
	Innéacs	*100*	*102*	*100*	*99*
Iomlán na dtríú tíortha uile cé is moite den Rúis	Toirt (m^3)	182 335	248 344	241 746	257 371
	Innéacs	*100*	*136*	*133*	*141*
	An sciar den mhargadh	10 %	12 %	12 %	12 %
	Meánphraghas (EUR/tona)	537	574	535	520
	Innéacs	*100*	*107*	*100*	*97*

Foinse: Eurostat

(147) I gcomparáid leis an Rúis, níl ag an mBealarúis agus ag an Úcráin i margadh an Aontais ach láithreacht theoranta. I rith na tréimhse sin, mheas siad go raibh a gcuid scaireanna sa mhargadh fós cobhsaí, le mionathruithe nó gan éagsúlachtaí ar bith, ag leibhéal 4 % agus 5 % faoi seach. Maidir leis na tríú tíortha eile ar fad, mhéadaigh siad sin féin a láithreacht de bheagán ó sciar 1 % den mhargadh go sciar an-íseal 3 %. Tháinig méadú 2 % ar an sciar iomlán den mhargadh d'allmhairí ó gach tríú tír seachas an Rúis ó 2017 go 2018, agus ina dhiaidh sin d'fhan siad cobhsaí ag leibhéal 12 %.

(148) I dtéarmaí na bpraghsanna le linn na tréimhse atá á meas, dhíol an Úcráin a chuid féin ar phraghsanna beagán níos airde ná an Rúis, agus ar phraghsanna níos ísle ná an Bhealarúis. Is é míniú atá ar phraghsanna ísle na Bealarúise an teicneolaíocht theoranta a fhágann nach féidir ach táirge an-sonrach a tháirgeadh sa mhargadh, táirge níos saoire ar ardchaighdeán. Murab ionann agus an Bhealarúis, baineann allmhairí ón Rúis le sraithadhmad beithe is airde cáilíocht, rud a léiríonn meánphraghsanna níos airde.

(149) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go sealadach nach ndéanann tionchar allmhairí ó thíortha eile an nasc cúisíoch idir allmhairí dumpáilte ón Rúis agus an díobháil ábhartha a tharla do tháirgeoirí ón Aontas a mhaolú.

5.3.2. *Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais*

(150) Seo a leanas mar a tháinig forbairt ar mhéid na n-onnmhairí ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse atá á meas:

([12]) An cóimheas (TARIC/CN) tar éis a thionscanta idir méideanna allmhairiúcháin an chóid AC iomlán agus na n-allmhairí don táirge lena mbaineann, is ar shonraí TARIC atá siad bunaithe, iad socraithe do thríú tíortha eile ag 3 %.

Tábla 12

Feidhmíocht onnmhairiúcháin tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

	2017	2018	2019	Tréimhse an imscrúdaithe
An méid onnmhairí (tonaí)	98 324	96 327	93 892	101 866
Innéacs	*100*	*98*	*95*	*104*
Meánphraghas (EUR/m³)	689	755	752	705
Innéacs	*100*	*110*	*109*	*102*

Foinse: Táirgeoirí an Aontais a sampláladh

(151) Tháinig méadú 4 % ar mhéideanna onnmhairí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse atá á meas. Ó 2017 go 2019, tháinig laghdú 5 % ar onnmhairí, agus tháinig méadú 9 % ar an tréimhse imscrúdaithe ina dhiaidh sin. Tháinig méadú 2 % ar mheánphraghsanna na n-onnmhairí le linn na tréimhse atá á meas. Ó 2017 go 2018, tháinig méadú 10 % ar mheánphraghsanna, agus bhí laghduithe ann sna tréimhsí dar gcionn.

(152) I bhfianaise na héabhlóide dearfaí ar mhéid na n-onnmhairí agus ar na meánphraghsanna le linn na tréimhse, mheas an Coimisiún go sealadach nach bhféadfadh tionchar na feidhmíochta onnmhairiúcháin cur leis an díobháil a tharla do thionscal an Aontais.

5.3.3. *Míbhuntáiste iomaíoch maidir le rochtain ar an bpríomh-amhábhar*

(153) Mhaígh roinnt páirtithe go bhfuil tionscal an Aontais ag fulaingt mar gheall ar infhaighteacht theoranta an phríomh-amhábhair, ceapa beithe, i gcomparáid leis an Rúis. Is é infhaighteacht theoranta an amhábhair an bunús a bheadh le méideanna táirgeachta níos ísle, agus le méadú ar chostais agus, dá bhrí sin, sin é an chúis leis an díobháil.

(154) Ní sa rochtain ar an amhábhar atá míniú ar an díobháil, is é sin rochtain ar cheapa beithe, ós rud é go bhfuil rochtain leordhóthanach ag táirgeoirí an Aontais ar sholáthar ceap beithe. An méadú ar na stoic, sin fianaise nach sa táirgeacht atá fréamh na faidhbe, ach i dtráchtálú na táirgeachta. Dá bhrí sin, ní sa soláthar adhmaid atá an míniú ar an laghdú ar an táirgeadh le linn na tréimhse atá á meas.

(155) Maidir leis an míbhuntáiste líomhnaithe ó thaobh na gcostas de, chinn an t-imscrúdú gur fachtóir tábhachtach a dhéanann difear don mhéadú ar chostas táirgeachta ar thionscal an Aontais atá i bpraghas na gceap beithe. Mar sin féin, costas na n-amhábhar agus an tionchar atá aige ar an méadú foriomlán ar an gcostas táirgeachta ar thionscal an Aontais, ní rud é féin a dhéanann maolú ar an nasc cúisíoch. Go sonrach, is léir seo ar an bhfíric gur laghdaigh costas táirgeachta thionscal an Aontais idir 2019 agus an tréimhse imscrúdaithe (TI), cé nár tháinig feabhas ar an mbrabúsacht mar thoradh air sin.

5.3.4. *Féindíobháil*

(156) Mhaígh roinnt de na páirtithe go ndearna tionscal an Aontais infheistíochtaí gan údar i bhfairsingiú acmhainneachta nuair a bhí ag moilliú ar an díolachán, agus dar leis gur foinse díobhála é sin.

(157) Is amhlaidh áfach a tháinig laghdú 3 % ar acmhainneacht táirgeachta an Aontais ina iomláine le linn na tréimhse atá á meas. Tháinig méadú beag ar acmhainneacht táirgeachta an Aontais in 2018 agus 2019, ach ó thús go deireadh na tréimhse atá á meas, is céim i ndiaidh a chúil a bhí ann do thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, níl aon bhunús leis na líomhaintí gur foinse díobhála a bhí sa leathnú ar infheistíochtaí acmhainneachta.

5.3.5. *Stailceanna san Fhionlainn*

(158) Mhaígh roinnt de na páirtithe gurb iad na stailceanna i muilte na Fionlainne i mí na Nollag 2019 agus i dtús 2020 ba chúis leis an laghdú táirgeachta.

(159) Ba chonclúid leis an gCoimisiún go sealadach nach ndéanann stailceanna na muilte san Fhionlainn an nasc cúisíoch a mhaolú ós rud é gur teoranta an tionchar a bhí ann ó thaobh na tíreolaíochta de (an Fhionlainn) agus go raibh teorainn ama leis (stailceanna idir Nollaig 2019 agus Eanáir 2020).

5.3.6. *Éifeachtaí COVID-19*

(160) Is éard a mhaígh roinnt de na páirtithe gur cheart don Choimisiún a bheith san airdeall faoi na sonraí a chumhdaíonn deireadh 2019 agus an chéad leath de 2020 d'fhonn éifeachtaí COVID-19 sa gheilleagar a idirdhealú ó éifeachtaí na n-allmhairí a bhfuiltear a mhaíomh gur dumpáladh iad.

(161) De réir na n-imscrúduithe, is rud réasúnta cobhsaí a bhí san éileamh ar shraithadhmad beithe le linn an dara ráithe de 2020. Ina theannta sin, níor tharla aon chur isteach mór ar shlabhra an tsoláthair, agus leanadh de dhíolacháin onnmhairí le linn na tréimhse sin freisin. Ar an gcaoi sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil aon mhaolú ar an nasc cúisíoch in éifeachtaí COVID-19.

5.3.7. *Inchomparáideacht na dtáirgí*

(162) Mhaígh roinnt de na páirtithe nach bhfuil an sraithadhmad beithe a tháirgeann tionscal na Rúise in iomaíocht leis an sraithadhmad a tháirgeann tionscal an Aontais, ós rud é gurb éard atá á mhaíomh go dtáirgeann siad cáilíochtaí éagsúla a bhaineann le deighleoga éagsúla, agus dá bhrí sin, nach cúis díobhála atá in allmhairí na Rúise.

(163) Mar sin féin, léiríonn an chomparáid idir na cineálacha éagsúla táirgí a dhíolann tionscal an Aontais agus na cineálacha táirgí a dhíolann táirgeoirí onnmhairiúcháin na Rúise go bhfuil na cineálacha táirgí an-chosúil lena chéile, é dodhéanta ceann a aithint thar a chéile fiú, agus leibhéal ard idirmhalartaithe ag roinnt leo. Ina theannta sin, ó bhí an t-imscrúdú ann, is eolas slán go ndéanann tionscal an Aontais agus na táirgeoirí Rúiseacha araon sraithadhmad beithe a sholáthar do na príomhearnálacha a bhíonn á úsáid. Ar aon nós, faoi mar a mhínítear i roinn 2, léirigh an t-imscrúdú gur táirgí comhchosúla iad na táirgí a dhíolann tionscal an Aontais agus táirgeoir onnmhairithe na Rúise, táirgí arb iad na buntréithe fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna atá ag roinnt leo, chomh maith leis na húsáidí bunúsacha céanna a bheith á mbaint astu. Dá bhrí sin, meastar nach bhfuil aon bhunús leis an rud atá á mhaíomh.

5.4. **An chonclúid ar chúisíocht**

(164) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, shuigh an Coimisiún nasc cúisíoch go sealadach idir an díobháil a tharla do thionscal an Aontais agus na hallmhairí dumpáilte ón Rúis. Mar thoradh ar an méadú suntasach ar allmhairí dumpáilte ón Rúis, ní fhéadfadh tionscal an Aontais praghsanna inbhuanaithe a shocrú, rud ba chúis le meath mór ar a chás go heacnamaíoch.

(165) Rinne an Coimisiún dealú agus scaradh ar éifeachtaí na bhfachtóirí aitheanta uile ar staid thionscal an Aontais ó na héifeachtaí díobhála a ghabhann leis na allmhairí dumpáilte.

(166) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim sin go ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann agus nár maolaíodh an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha de thoradh na bhfachtóirí eile, fachtóirí a mheastar ceann ar cheann nó i bhfarradh a chéile.

6. LEIBHÉAL NA mBEART

(167) Chun leibhéal na mbeart a chinneadh, ceist a d'fhiosraigh an Coimisiún ar leor dleacht is lú ná an corrlach dumpála chun an díobháil a rinneadh do thionscal an Aontais de dheasca allmhairí dumpáilte a bhaint.

6.1. **Corrlach díobhála**

(168) Thiocfadh deireadh leis an díobháil dá bhféadfadh tionscal an Aontais spriocbhrabús a fháil trí dhíolachán ar spriocphraghas de bhrí Airteagal 7(2c) agus Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán.

(169) I gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, chun an spriocbhrabús a shuí, chuir an Coimisiún na fachtóirí a leanas san áireamh: leibhéal na brabúsachta roimh an méadú ar allmhairí ón tír lena mbaineann, leibhéal na brabúsachta is gá chun costais agus infheistíochtaí iomlána a chlúdach, taighde agus forbairt (T&F) agus nuálaíocht, agus leibhéal na brabúsachta a mbeifí ag súil léi faoi na gnáthchoinníollacha iomaíochta. Níor cheart corrlach brabúis den sórt sin a bheith ní ba lú ná 6 %.

(170) Ar an gcéad chéim, bhunaigh an Coimisiún bunbhrabús lena gcumhdaítear na costais iomlána faoi na gnáthchoinníollacha iomaíochta. Ghlac an Coimisiún an brabús a ghnóthaigh táirgeoirí samplacha an Aontais sular tháinig dlús le hallmhairí éagóracha ón Rúis agus sular thosaigh na hallmhairí sin ag díobháil thionscal an Aontais. Bunaíodh an corrlach brabúis sin ag 9,7 %, rud a fhreagraíonn don leibhéal brabúis a ghnóthaigh tionscal an Aontais in 2017.

(171) Mhaígh roinnt de tháirgeoirí an Aontais go mbeadh an leibhéal infheistíochtaí, taighde agus forbartha (T&F) agus an nuálaíocht le linn na tréimhse atá á meas níos airde faoi ghnáthchoinníollacha iomaíochta.

(172) Rinne an Coimisiún an maíomh sin a mheas, ach is éard a chonacthas dó go raibh leibhéal na n-infheistíochtaí le linn an TI níos airde in ainneoin láimhdeachas laghdaitheach ná mar a bhí an dá bhliain roimhe sin, agus go raibh sé an-ghar do leibhéal na n-infheistíochtaí in 2017 nuair a shroich tionscal an Aontais brabús 9,7 % ar an meán. Ar an mbonn sin, nuair a chuirtear san áireamh gur réamhaisnéisí ionchasacha iad na hinfheistíochtaí i dtaighde agus i bhforbairt (T&F) agus nuálaíocht atá bunaithe ar phleananna infheistíochta, is é socrú sealadach a rinne an Coimisiún gan glacadh leis an maíomh sin.

(173) Ar an mbonn sin, is é EUR 766,33/méadar ciúbach an praghas neamhdhíobhála is toradh ar chur i bhfeidhm an chorrlaigh brabúis luach 9,7 % thuasluaite ar an gcostas táirgeachta le linn na TI a bhí le híoc ag na táirgeoirí Aontais a sampláladh

(174) I gcomhréir le hairteagal 7(2d) den bhun-Rialachán, mar chéim chríochnaitheach, rinne an Coimisiún measúnú ar na costais a eascróidh as Comhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil, agus prótacail fúthu, ar páirtí iontu an tAontas, agus na Coinbhinsiúin EIS a liostaítear in Iarscríbhinn Ia, costais a thabhóidh tionscal an Aontais le linn thréimhse chur i bhfeidhm an bhirt de bhun Airteagal 11(2). Bunaithe ar na freagraí ceistiúcháin cianda cros-seiceáilte agus ar an bhfianaise atá curtha ar fáil ag roinnt de tháirgeoirí sampláilte an Aontais, bhunaigh an Coimisiún costas breise de EUR 6,68/méadair chiúbaigh, as ar bhain sé an costas iarbhír chun coinbhinsiúin den sórt sin a chomhlíonadh le linn an TI, is é sin EUR 5,28 in aghaidh an aonaid tomhais, rud as ar eascair toradh EUR 1,40/méadar ciúbach. Cuireadh an difríocht sin leis an bpraghas neamhdhíobhála.

(175) Ar an mbonn sin, ríomh an Coimisiún praghas neamhdhíobhála EUR 767,73/méadar ciúbach ar an táirge comhchosúil le haghaidh thionscal an Aontais tríd an gcorrlach brabúis thuasluaite a chur le costas táirgeachta na dtáirgeoirí ón Aontas a sampláladh le linn na tréimhse imscrúdaithe, agus ansin na coigeartuithe faoi Airteagal 7(2d) a chur leis ar bhonn cineál ar chineál.

(176) Chinn an Coimisiún leibhéal an chorrlaigh gearrdhíola agus comparáid á déanamh idir an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe atá ag na táirgeoirí comhoibríocha onnmhairiúcháin sampláilte sa tír lena mbaineann, faoi mar atá leagtha síos do na praghsanna a dhéanann na ríomhanna a shladghearradh, agus meánphraghas ualaithe neamhdhíobhála an táirge chomhchosúil arna dhíol ag táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdaithe. Ina dhiaidh sin, sloinneadh aon difríocht a tháinig chun cinn ón gcomparáid sin ina chéatadán de mheánluach ualaithe allmhairí CAL.

(177) Sainmhínítear an leibhéal díchuir díobhála do "cuideachtaí comhoibríocha eile" agus do "gach cuideachta eile" ar an mbealach céanna leis an gcorrlach dumpála i gcás na gcuideachtaí sin.

Cuideachta	Corrlach dumpála (%)	Corrlach díobhála (%)
Grúpa Sveza	15,9 %	30,9 %
Syktyvkar Plywood Mill Ltd.	15,0 %	43,8 %
Zheshartsky LÜK LLC	15,3 %	54,0 %
Cuideachtaí comhoibríocha eile	15,7 %	38,1 %
Gach cuideachta eile	15,9 %	54,0 %

7. LEAS AN AONTAIS

(178) Ceist a d'fhiosraigh an Coimisiún an bhféadfadh sé gur conclúid shoiléir nach chun leasa an Aontais bearta a ghlacadh sa chás seo, ainneoin dumpáil dhíobhálach a chinneadh, i gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán. Rinneadh cinneadh maidir le leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla lena mbaineann, lena n-áirítear tionscal an Aontais, allmhaireoirí agus úsáideoirí.

7.1. **Leas thionscal an Aontais**

(179) Tá tionscal an Aontais comhdhéanta de thart ar chúig chuideachta dhéag. Den chuid is mó, is gar do na réigiúin foraoise beithe i dTuaisceart na hEorpa (an Fhionlainn, na tíortha Baltacha agus an Pholainn) atá siad suite, agus tá os cionn 5 000 oibrí fostaithe acu go díreach. Thacaigh tromlach tháirgeoirí an Aontais leis an ngearán, léirigh péire díobh seasamh neodrach, agus níor chuir aon cheann acu i gcoinne an t-imscrúdú a thionscnamh.

(180) Na leibhéil brabúsachta atá ann faoi láthair, is leibhéil neamh-inbhuanaithe atá iontu. Trí bhearta a fhorchur, táthar ag súil leis go bhféadfaidh tionscal an Aontais codanna den sciar den mhargadh a cailleadh a aisghabháil, agus go socrófar praghsanna ag leibhéil a chumhdóidh an costas ar a laghad.

(181) Mura mbeidh bearta ann, is dócha go mbeidh tionchar diúltach suntasach aige sin ar thionscal an Aontais ó thaobh cosc breise a chur ar phraghsanna agus laghdú breise a dhéanamh ar an díolachán, agus ar an gcaoi sin, is dócha go n-aistreofar níos mó caillteanas, go ndúnfar saoráidí táirgthe, agus go mbeidh daoine á ndífhostú.

(182) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil forchur beart sealadach chun leas thionscal an Aontais.

7.2. **Leas allmhaireoirí agus trádálaithe neamhghaolmhara**

(183) Cuireadh naoi n-allmhaireoir is fiche iad féin in aithne, agus fuarthas roinnt aighneachtaí agus barúlacha. Faoi mar a luadh i roinn 1.6.2, roghnaigh an Coimisiún sampla de thriúr allmhaireoirí a chuir ceistneoirí isteach.

(184) Is éard a d'áitigh roinnt allmhaireoirí go méadófaí na costais ábhartha a bheadh orthu féin agus dá gcuid custaiméirí dá ndéanfaí dleachtanna frithdhumpála a fhorchur. Ba dheacair na costais bhreise sin a chumhdach agus dá bhrí sin bheadh a mbrabúsacht agus a n-iomaíochas i mbaol. Rinneadh éilimh bhreise maidir leis an easpa acmhainneachta atá i dtionscal an Aontais chun freastal ar éileamh san Aontas, rud a mheastar a bheith thart ar 2,1 milliún m^3, agus dá bhrí sin maítear go gcruthódh bearta ganntanas sa mhargadh. Ina theannta sin, bhí ina mhaíomh maidir le heaspa leasa do tháirgeoirí an Aontais i dtaca le táirgí a sholáthar d'fhiontair bheaga, chomh maith leis an diúltú i soláthar cuid de na hábhair.

(185) Maidir leis na hiarmhairtí eacnamaíocha ar allmhaireoirí, tá sé suite san imscrúdú go bhfuil brabús ualaithe 4,7 % ag allmhaireoirí sampláilte, agus go bhfuil sciartha éagsúla de shraithadhmad beithe ina gcuid punann táirgí. Ina theannta sin, cé go bhféadfadh an sciar de shraithadhmad na Rúise a dháileann na hallmhaireoirí laghdú dá bhforchuirfí na bearta, níltear ag súil leis go gcuirfear stop iomlán le hallmhairí na Rúise de bharr leibhéal na mbeart. Ós rud é go bhfuil foinsí eile soláthair sna tíortha comharsanachta freisin, an Úcráin agus an Bhealarúis mar shampla, táthar ag súil leis nach mbeidh ach tionchar teoranta ag na bearta ar bhrabúsacht agus ar iomaíochas na n-allmhaireoirí. Tugtar aghaidh ar leas na n-úsáideoirí i roinn 7.3 thíos.

(186) Maidir leis an riosca soláthair, is dócha nach gcuirfidh leibhéal na mbeart stop le hallmhairí na Rúise, ach is dócha go bhféadfar leanúint ar aghaidh ag aimsiú sraithadhmad beithe ón Rúis ar phraghsanna cothroma. Ina theannta sin, féadfar sraithadhmad beithe a allmhairiú ó thríú tíortha eile, an Úcráin agus an Bhealarúis mar shampla.

(187) Maidir le cainníochtaí beaga a sholáthar do na tomhaltóirí, tá sé leagtha síos san imscrúdú gur fhorbair tionscal an Aontais líonra fairsing miondíoltóirí atá gaolmhar agus neamhghaolmhar, rud a chuireann ar chumas thionscal an Aontais teacht ar chustaiméirí beaga nach bhfuil de chumas acu féin coimeádáin iomlána a cheannach. Ina theannta sin, faoi mar atá luaite thuas, féadfaidh an tomhaltóir leanúint air ag foinsiú táirgí ó tháirgeoirí Rúiseacha.

(188) An trealamh agus an cumas is gá, léiríodh san imscrúdú freisin go bhfuil sin ag tionscal an Aontais chun oiriúnú do riachtanais shonracha táirgí custaiméirí, agus dá bhrí sin is féidir leis gach cineál táirge is gá a tháirgeadh.

(189) De chonclúid air sin, d'fhéadfadh sé go ndéanfaidh na bearta frithdhumpála difear diúltach d'allmhaireoirí neamhghaolmhara áirithe ar an leibhéal a suíodh. Mar sin féin, níor cheart an tionchar sin a bheith mór ina iomláine agus beidh sé ag brath go mór ar shamhail ghnó na n-allmhaireoirí, ar éagsúlacht na bhfoinsí soláthairtí atá acu, sin agus ar a mhéid a dhéantar costais mhéadaithe a chur ar aghaidh chuig a gcuid custaiméirí.

(190) Ar bhonn an mhéid sin thuas, tá sé á shuí go sealadach ag an gCoimisiún go mbeidh aon tionchar diúltach a bheidh ag bearta ar allmhaireoirí neamhghaolmhara teoranta ar an iomlán agus nach mó é ná éifeacht dhearfach na mbeart ar tháirgeoirí ón Aontas.

7.3. **Leas na n-úsáideoirí**

(191) Trí úsáideoir déag a chuir iad féin in aithne. Chuir naoi n-úsáideoir barúlacha agus/nó freagraí ar cheistneoir isteach.

(192) Tá an Coimisiún i mbun próiseas na n-easnamh le formhór na n-úsáideoirí a thug freagra ceistneora i ngeall ar an easpa leaganacha atá ar fáil chun dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara. Ag an gcéim seo, níl ach freagra ceistneora amháin curtha ar fáil ar leagan oscailte, ó Emiliana Imballaggi S.p.A. a cheannaíonn sraithadhmad beithe le haghaidh ghnó an phacáistithe.

(193) Áitíodh go méadófaí na costais atá ar na húsáideoirí dá ndéanfaí dleachtanna frithdhumpála a fhorchur, costais a bheadh deacair do chustaiméirí a chur ar aghaidh, agus dá bhrí sin go gcuirfí a mbrabúsacht agus a n-iomaíochas i mbaol.

(194) Úsáidtear sraithadhmad beithe in earnálacha de chineálacha éagsúla. Is dócha go mbeidh tionchar eile ag bearta a fhorchur ar na húsáideoirí ar fad, ag brath ar sciar na gcostas sraithadhmaid beithe sna costais iomlána don earnáil sin agus ar an gcumas costais a ghearradh ar thomhaltóirí iartheachtacha. Níor chuir ach cuideachta amháin faisnéis mhionsonraithe ó úsáideoirí ar fáil mar aon le leagan oscailte a bhain úsáid as sraithadhmaid i gcomhair na hearnála pacáistithe. Ina theannta sin, chuir an gearánach staidéar neamhspleách isteach ina ndearnadh anailís ar an tionchar a mheastar a bheidh ag bearta ar na húsáideoirí, tionchar atá bunaithe ar dhualgais theoiriciúla idir 20 % agus 30 %.

(195) Seo a leanas na príomhearnálacha a úsáideann sraithadhmad beithe san Aontas: tógáil (39 %), iompar (27 %), troscán (10 %) agus pacáistiú (8 %). De réir na faisnéise a bhí ar fáil, i gcás na n-earnálacha a ghabh chucu an chuid is mó den sraithadhmad, rinneadh is é measúnú sealadach a rinneadh ar thionchar na mbeart iad a bheith teoranta nó diomaibhseach. An phacáistiú agus táirgeoirí iontlaise, is sna hearnálacha sin is mó a d'fhéadfadh dualgais a dtionchar a imirt. Mar sin féin, tá teorainn le tionchar na mbeart fiú amháin sna hearnálacha sin. I gcás earnáil an phacáistithe, meastar an tionchar a bheith idir 2 % agus 4 % i struchtúr an chostais, agus is féidir a bheith ag súil leis gur tionchar é sin a chuirfear ar aghaidh chuig na custaiméirí. Maidir leis an earnáil iontlaise agus urláraigh, tá ionadaithe éagsúla ag sraithadhmad beithe, cineálacha eile adhmaid agus ábhair mhalartacha mar shampla, agus sin cúis eile go bhfuil súil leis go mb'fhéidir nach mbeidh ach tionchar teoranta ag costas beagán níos airde ar shraithadhmad beithe.

(196) Ar bhonn an mhéid sin thuas, is éard a shuigh an Coimisiún go sealadach go bhfuiltear ag súil le teorannú ar thionchar diúltach na mbeart ar úsáideoirí ionas nach sáródh sé an tionchar dearfach a bheadh ag na bearta ar tháirgeoirí an Aontais.

7.4. **Leas na Soláthróirí**

(197) Tháinig trí sholáthróir chun cinn mar pháirtithe leasmhara.

(198) Gach ceann de na trí chuideachta, is soláthróirí innealra, trealaimh adhmadóireachta nó ábhair a úsáidtear chun sraithadhmad beithe a tháirgeadh do tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Rúise. Mhaígh na cuideachtaí go mbeadh laghdú ar allmhairí Rúiseacha ann mar thoradh ar fhorchur na mbeart, rud a d'fhágfadh laghdú ar infheistíochtaí ar threalamh a dhéanfadh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Rúise, agus dá réir sin bheadh tionchar diúltach aige sin ar a ngnó.

(199) Tá an Coimisiún ag súil leis nach gcuirfear isteach go mór ar infheistíochtaí na Rúise ar threalamh ós rud é nach meastar go gcuirfidh leibhéal na mbeart stop le hallmhairí ón Rúis. Ar an taobh eile den scéal, is dócha go gcuirfidh bearta ar chumas thionscal an Aontais dul i mbun infheistíochtaí trealaimh, rud a mbeidh tionchar dearfach aige ar sholáthróirí trealaimh adhmaid an Aontais.

(200) Dá bhrí sin, is éard a suíodh leis an gCoimisiún go sealadach go mbeidh aon tionchar diúltach a bheidh ag bearta teoranta ar sholáthróirí ar an iomlán agus nach mó é ná éifeacht dhearfach na mbeart ar tháirgeoirí an Aontais

7.5. **Páirtithe leasmhara eile: táirgeoirí eile sraithadhmaid, leas an chomhshaoil agus COVID-19.**

(201) Tháinig trí chomhlachas náisiúnta (de chuid na Fraince, na hIodáile agus na Spáinne) chun cinn mar pháirtithe leasmhara, comhlachais a dhéanann ionadaíocht ar tháirgeoirí sraithadhmaid poibleoige, péine agus cineálacha eile adhmaid. Is éard a mhaígh siadsan go bhféadfadh leibhéal áirithe ionadaíochta tarlú bíodh gur táirgí éagsúla iad an táirge atá i gceist agus a gcuid táirgí féin. Ainneoin praghsanna sraithadhmaid beithe a bheith níos airde go traidisiúnta, d'áitigh siad gur éileamh ar chineálacha eile adhmaid a tharraingíonn praghsanna dumpáilte sraithadhmaid beithe ón Rúis go traidisiúnta, poibleog, péin agus aucoumea mar shampla, éileamh a chuir an slabhra luacha a bunaíodh i gcineálacha eile tionscal adhmaid faoi bhagairt. Dá bhrí sin, tacaíonn siad le bearta a fhorchur.

(202) Mhaígh roinnt páirtithe go bhféadfadh sceitheadh carbóin a bheith mar thoradh ar dhleachtanna a fhorchur mar gheall ar shraithadhmad beithe Rúiseach a chur in ionad sraithadhmad poibleoige Síneach nó sraithadhmad ó thíortha eile níos faide ar shiúl ón Eoraip, astaíochtaí iompair a ardú agus an riosca nach mbeadh táirgí ionadacha chomh inbhuanaithe le sraithadhmad na Rúise. Thug an Coimisiún dá aire nach meastar go gcuirfidh an leibhéal ar a bhforchuirfear na bearta stop le hallmhairí na Rúise. Thairis sin, ní hamhlaidh a léiríodh gur as an tSín a thiocfadh an t-ábhar dá ndéanfaí allmhairí ón Rúis a ionadú le hallmhairí ó thríú tír eile, ná nach mbeadh táirgeadh adhmaid de chineál eile níos inbhuanaithe ná mar a bheadh táirgeadh na beithe ón Rúis. Dá bhrí sin, diúltaíodh don éileamh.

(203) Maidir leis na dleachtanna, tá sé maíte ag páirtithe go gcuirfidís le héifeacht phaindéim COVID-19 ar na húsáideoirí. Mar a mhínítear thuas, áfach, táthar ag súil leis gur tionchar teoranta a bheidh ag bearta na bpríomhearnálacha ina n-úsáidtear sraithadhmad beithe. Ina theannta sin, níl aon fhianaise ag an gCoimisiún i láthair na huaire a léiríonn tionchar na paindéime ar na hearnálacha éagsúla úsáideoirí, ná fianaise gur tionchar de chineál eile a bheadh ar na táirgeoirí seachas ar na húsáideoirí. De cheal fianaise den sórt sin, meastar gur fachtóir neodrach é paindéim COVID-19 agus leas an Aontais á mheasúnú.

7.6. **Conclúid maidir le leas an Aontais**

(204) Ar bhonn an mhéid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil údar láidir ann le ceapadh nach é leas an Aontais é bearta sealadacha a fhorchur ar allmhairí sraithadhmaid beithe de thionscnamh na Rúise le linn na céime seo den fhiosrúchán.

8. BEARTA FRITHDHUMPÁLA SEALADACHA

(205) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir leis an dumpáil, leis an díobháil, leis an gcúisíocht agus le leas an Aontais, ba cheart bearta sealadacha a fhorchur ionas nach ndéanfar tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais leis na hallmhairí dumpáilte.

(206) Ba cheart bearta frithdhumpála sealadacha a fhorchur ar allmhairí sraithadhmaid beithe de thionscnamh na Rúise, i gcomhréir le riail na dleachta is lú in Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán. Chuir an Coimisiún na corrlaigh ghearrdhíola agus na corrlaigh dhumpála i gcomparáid le chéile. Socraíodh méid na ndleachtanna ar leibhéal íseal na gcorrlach dumpála agus na gcorrlach gearrdhíola.

(207) Ar bhonn a bhfuil thuas, ba cheart na rátaí dleachta frithdhumpála, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, agus an dleacht chustaim neamhíoctha, a bheith mar a leanas:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach
Grúpa Sveza	15,9 %
Syktyvkar Plywood Mill Ltd.	15,0 %
Zheshartsky LÜK LLC	15,3 %
Cuideachtaí comhoibríocha eile	15,7 %
Gach cuideachta eile	15,9 %

(208) Bunaíodh na rátaí dleachta frithdhumpála do chuideachtaí aonair a sonraíodh sa Rialachán seo ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, ba léargas iad ar an staid mar a bhí le linn an imscrúdaithe a rinneadh ar na cuideachtaí sin. Tá na rátaí dleachta sin infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann ar de thionscnamh na tíre lena mbaineann é agus arna tháirgeadh ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis i ndáil leo sin a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir le "gach cuideachta eile". Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na rátaí dleachta frithdhumpála aonair.

(209) Chun a áirithiú go ndéanfar na dleachtanna frithdhumpála a fhorfheidhmiú mar is ceart, ba cheart feidhm a bheith le dleacht frithdhumpála gach cuideachta eile ní hamháin maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha san imscrúdú seo, ach maidir leis na táirgeoirí nach ndearna táirgí a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe.

(210) Chun na rioscaí imchéimniúcháin a íoslaghdú de bharr na difríochta i rátaí dleachta, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna aonair frithdhumpála a áirithiú. Ní mór do na cuideachtaí a bhfuil dleachtanna frithdhumpála aonair acu sonrasc tráchtála bailí a thíolacadh d'údaráis custam na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais atá leagtha amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo. Ba cheart d'allmhairí nach mbíonn sonrasc ag gabháil leo a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le "gach cuideachta eile";.

(211) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc a chur i láthair d'údaráis custam na mBallstát chun na rátaí aonair dleachta frithdhumpála a chur i bhfeidhm ar allmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis custam san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc dóibh a chomhlíonann na ceanglais uile atá leagtha amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo, ní mór d'údaráis custam na mBallstát a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

9. FÁISNÉIS AG AN gCÉIM SHEALADACH

(212) I gcomhréir le Airteagal 19a den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas faoi fhorchur beartaithe dleachtanna sealadacha. Cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil don phobal i gcoitinne freisin trí shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála. Tugadh trí lá oibre do na páirtithe leasmhara chun barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna a nochtadh go sonrach dóibh.

(213) Fuarthas barúlacha faoi chruinneas na ríomh. Chuir UPG barúlacha bailí ar fáil agus cuireadh san áireamh iad, agus maidir leis na barúlacha a fuarthas ó Sveza Group agus ó Syktyvkar Plywood Mill Ltd, ní raibh aon tionchar acu sin ar na ríomhanna. Chuir údaráis na Rúise barúlacha isteach in aghaidh fhorchur na mbeart sealadach, ach mar sin féin níor chuir siad mionsonraí sonracha ar fáil i ndáil le cruinneas na ríomhanna.

10. FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

(214) Ar mhaithe leis an dea-riarachán, iarrfaidh an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara barúlacha a chur isteach i scríbhinn agus/nó éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála laistigh de sprioc-am seasta.

(215) Is torthaí sealadacha iad na torthaí maidir le forchur dleachtanna sealadacha, agus féadfar iad a leasú ag céim chinntitheach an imscrúdaithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí sraithadhmaid arb é atá iontu leatháin adhmaid nach bhfuil níos mó ná 6 mm ar tiús i ngach sraith díobh, a bhfuil sraitheanna seachtracha adhmaid iontu atá sonraithe faoi fho-cheannteideal 4412 33, ag a bhfuil sraith sheachtrach adhmaid beithe amháin ar a laghad, bídís brataithe nó ná bíodh, de thionscnamh na Rúise, a thagann faoi scáth chód AC ex 4412 33 00 faoi láthair (cód TARIC 4412 33 00 10).

2. Seo a leanas na rátaí dleachta frithchúitimh a bheidh infheidhme maidir leis an nglanphraghas saor ag teorainn an Aontais roimh dhleacht, don táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus a tháirgtear ag na cuideachtaí atá liostaithe sa tábla:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach	Cód breise TARIC
Grúpa Sveza ina bhfuil seacht dtáirgeoir onnmhairiúcháin: JSC "SVEZA Manturovo"; JSC "SVEZA Novator"; Tyumen Plywood Plant Limited; JSC "SVEZA Ust-Izhora"; JSC "SVEZA Uralskiy"; JSC "SVEZA Kostroma"; JSC "SVEZA Verhnaya Sinyachiha"	15,9 %	C659
Syktyvkar Plywood Mill Ltd.	15,0 %	C660
Zheshartsky LÜK LLC	15,3 %	C661
Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear in Iarscríbhinn	15,7 %	
Gach cuideachta eile	15,9 %	C999

3. Beidh cur i bhfeidhm na rátaí dleachta aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis custam na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm/hainm agus lena fheidhm/feidhm, arna dhréachtú mar a leanas: *"Deimhnímse, a bhfuil mo shíniú thíos, go ndearna (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) (méid) den sraithadhmad beithe, a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach, rud a chumhdaítear leis an sonrasc seo, a mhonarú sa tír seo: [an Rúis]. Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis a chuir mé sa sonrasc seo iomlán agus ceart."* Mura gcuirtear an sonraisc sin isteach, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach cuideachta eile.

4. Beidh scaoileadh an táirge, dá dtagraítear i mír 1, i saorchúrsaíocht san Aontas faoi réir taisce ráthaíochta atá coibhéiseach le méid na dleachta sealadaí a sholáthar.

5. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm ag na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

1. Cuirfidh páirtithe leasmhara a mbarúlacha i scríbhinn faoin Rialachán seo faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 15 lá féilire ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Más mian le páirtithe leasmhara éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún, déanfaidh siad amhlaidh laistigh de 5 lá féilire ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Más mian le páirtithe leasmhara éisteacht a iarraidh leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála, déanfaidh siad amhlaidh laistigh de 5 lá féilire ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Scrúdóidh an tOifigeach Éisteachta iarrataí a chuirtear isteach lasmuigh den teorainn ama sin agus féadfaidh an t-oifigeach sin cinneadh a dhéanamh i dtaobh ar cheart glacadh leis na hiarrataí sin más iomchuí.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh Airteagal 1 i bhfeidhm ar feadh tréimhse sé mhí.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Meitheamh 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

INNÉACS

Táirgeoirí onnmhairiúchán comhoibríocha nár sampláladh

Ainm	Cód breise TARIC
Arkhangelsk Plywood Plant JSC	C662
CJSC Murom	C663
LLC InvestForest	C664
Joint Stock Company Bryansk Plywood Mill	C665
Joint-Stock Company Krasnyi Yakor	C666
Limited Liability Company Fanernyiy Zavod	C667
Limited Liability Company UPM-Kymmene Chudovo	C668
Murashi Plywood Factory	C669
Parfino Plywood Factori	C670
ZAO Plyterra	C671
Plywood Plant Vlast Truda JSC	C672
Limited Liability Company Vyatsky Plywood Mill	C673